an roinn fiontar, trádála agus fostaíochta
department of enterprise, trade and employment

COMMUNITY equal INITIATIVE

ÉIRE

TIONSCNAMH COMHPHOBAIL EQUAL 2000-2006

Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh 2006

CSE: ag cabhrú le fostaíocht a fhorbairt trí infhostaitheacht, spiorad an ghnó agus comhdheiseanna a chothú agus trí infheistíú in achmhainní daonna

BROLLACH DON SÉÚ TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR CHUR I NGNÍOMH 2006

Faoi Acht 37 den Rialúchán AE 1260/99, tá dualgas ar an ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA EQUAL Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh a chur ar fáil faoi fheidhmiúchán an CIP (Clár Tionscnaimh Chomhphobail) de chuid EQUAL sa bhliain roimhe, le tabhairt don Choimisiún roimh dheireadh Meithimh gach bliain. Tá an leagan amach agus ábhar don mhórchuid ar aon dul le teimpléad curtha le chéile ag an gCoimisiún AE, ionas cur i láthair caighdeánach idir na Baill Stáit a chinntiú.

Tá an Tuarascáil seo formheasta ag an gCoiste Monatóireachta EQUAL.

Áiríonn an Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomhseo eolas faoi:

- *Forbairtí socheacnamaíocha deireanacha a bhaineann le EQUAL*
- *Dul chun cinn maidir le feidhmiú an Chláir*
- *Feidhmiú airgeadais agus sonraí*
- Gnéithe den bhf*eidhmiúcháin – cáilíocht agus leibhéal éifeachtachta*
- *Straitéis Phríomhshruthaithe agus forbairtí*
- Gníomhaí*ochtaí maidir le cúnamh teicniúil*
- *Comhoiriúnacht le polasaithe an Chomhphobail*
- *Comhordú le gach sórt Cúnaimh Struchtúrach eile*
- *Forbairtí Thuaidh/Theas*
- *Cur le Straitéis Fostaíochta na h Eorpa agus an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhostaíocht*

Cuirtear an téacs seo faoi bhráid an Choimisiúin de réir riachtanas faisnéise na bliana 2006.

ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA,
Tionscnamh Pobail EQUAL
Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Baile Átha Cliath 2

Meitheamh 2007

Uimhir CCI EQUAL 2000IE050PC001
Tagairt Chinnidh agus Dáta: C(2001)588 22 Bealtaine 2001
Cinneadh Leasaitheach dá éis C (2005) 1235 Dáta 14 Aibreán 2005

Clár an Ábhair

Réamhrá don Séú Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh2006

1. ***Forbhreathnú ar EQUAL agus aon athruithe ar choinníollacha ginearálta a bhaineann le feidhmiúchán an chúnaimh***

1.1 Forbhreathnú agus forbairtí ábhartha sa timpeallacht socheacnamaíoch agus athraithe i bpolasaithe fostaíochta
1.2 Impleachtaí na nAthruithe
1.3 Ceisteanna a bhaineann le cómhaoiniú Náisiúnta an Chúnaimh Chiste Struchtúrtha

2. ***Dul chun cinn i bhFeidhmiúchán Tosaíochtaí agus Bearta***

2.1 Mionathruithe ar CIP agus Comhlánú Cláir
2.2 Dul chun cinn i bhfeidhmiú ag leibhéal na mbeart
2.2.1. Gníomhaíochtaí agus torthaí Gnímh 3 den chéad bhabhta
2.2.2 Dul chun cinn na nGníomhaíochtaí 2 agus 3 sa dara babhta
2.3 Gníomhaíochtaí á bpríomhshruthú ag leibhéal cláir
2.4 Gníomhaíochtaí chun prionsabail EQUAL a chothú
2.5 Coinníollacha Feidhmiúcháin agus Deacrachtaí a casadh orainn
2.6 Aon eolas eile

3. ***Feidhmiúcháin Airgeadais agus Sonraí***

3.1 Sonraí Airgeadais i bhfoirm tábla achoimre
3.2 Comparáidí idir comhlíonadh airgeadais éifeachtach agus réamhfhaisnéisí airgeadais
3.3 Aon deacrachtaí maidir le hiarratais íocaíochta a chur isteach
3.4 Catagóiriú caighdeánach

4. ***Cáilíocht agus Éifeachtacht Feidhmiúcháin***

4.1 Beart a deineadh maidir le monatóireacht, rialú, luacháil

4.1.1 Seirbhísí na Struchtúr Tacaíochta náisiúnta agus réigiúnacha
4.1.2 Bainistiú Cáilíochta
4.1.3 Coiste Monatóireachta
4.1.4 Luacháil
4.1.5 Roinnt na sonraí faoi ghnéithe "DP" agus torthaí ag leibhéal AE
4.1.6 Socraithe maidir le rialú airgeadais
4.2 Deacrachtaí suntasacha a bhain linn
4.2.1 Achoimre ar na fadhbanna agus bearta ceartúcháin a cuireadh i gcrích
4.2.2 Gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích mar thoradh ar mholtaí
4.2.3 Tionchar ó thaobh airgid de
4.3 Poiblíocht

5. Céimeanna a tógadh chun comhoiriúnacht le polasaithe an Chomhphobail a áiritheiú agus chun comhordú an chúnaimh struchtúrtha Chomhphobail ar fad a chinntiú

5.1 Comhordú na gClár struchtúrtha go léir agus na gClár chúnaimh eile de chuid an Chomhphobail
5.2 Comhoiriúnacht le Polasaithe an Chomhphobail
5.2.1 Rannchuidiú leis an gClár Athcóirithe Náisiúnta agus leis na treoirlínte fostaíochta bliantúla
5.2.2 Rannchuidiú leis an gcoimhlint i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiamh sóisialta
5.2.3 Bronnadh conarthaí poiblí
5.2.4 Cosaint an comhshaoil
5.2.5 Cothú comhionannais idir mná agus fir
5.2.6 Comhfhreagairt do rialacha an chomórtais

AGUISÍNÍ (1-6)

RÉAMHRÁ

An Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh

Baineann an Séú Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh le feidhmiú an Chláir Tionscnaimh Chomhphobail (CIP) EQUAL sa bhliain 2006. Ba chóir don tuarascáil tuiscint iomlán ar chúrsaí feidhmiúcháin agus bunghnéithe a théann i bhfeidhm ar fheidhmiú an Chláir a thabhairt don gCoimisiún. Tugann sí an deis don Choiste Monatóireachta measúnú bliantúil a dhéanamh ar an gclár. Ina theannta sin, soláthraíonn sí an t-eolas atá riachtanach chun díospóireacht éifeachtach idir an ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA agus an Coimisiún a éascú le linn an athbhreithnithe bliantúla. Tá an Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh ag teastáil ón gCoimisiún chomh maith chun íocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh.

Faomhadh ón Choiste Monatóireachta

Tá an t-ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh a chur ar fáil. Mar sin féin, caithfidh sí bheith faofa ag an gCoiste Monatóireachta roimh í a sheoladh chuig an gCoimisiún. Is céim thábhachtach é seo den bpróiseas teagmhála leis an gCoiste mar chomhpháirtí sa bhainistíocht agus forbairt leanúnach den gClár Tionscnaimh Chomhphobail (CIP) EQUAL.

Riachtanais & Nósanna Imeachta

De réir Rialacháin 1260/99 tá sé de dhualgas ar na hÚDARÁIS BAINISTÍOCHTA Tuarascáil Fheidhmiúcháin ar Chláracha Oibriúcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin "laistigh de sé mhí roimh dheireadh gach bliana féilire iomláine den bhfeidhmiú." (Alt 37,1). Sa chás seo is é an spriocdháta chun an Séú Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh a chur isteach ná 30 Meitheamh 2007.

Tá dhá mhí chun freagairt a thabhairt ag an gCoimisiún tar éis dó an Tuarascáil a fháil. Caithfidh sé cinneadh a dhéanamh ar dtús cé acu, an bhfuil nó nach bhfuil an tuarascáil sásúil. Má cheapann sé go bhfuil sí míshásúil, caithfidh sé é seo a chur in iúl don Bhallstát laistigh de dhá mhí. Muna dtugann an Coimisiún freagra laistigh den tréimhse seo, meastar go nglactar leis an tuarascáil. Tugtar breithiúnas ar na tuarascálacha maidir leis an tslí ina ndéileálann siad le cúrsaí caighdeánacha agus pointí breise a bhfuil comhaontú déthaobhach orthu de réir creata na comhpháirtíochta leis an gCoimisiún. Braitheann an breithiúnas chomh maith ar chomh fada is a cheadaíonn said tuiscint iomlán ar chúrsaí feidhmiúcháin agus bunghnéithe a théann i bhfeidhm ar fheidhmiú an chláir.

Próiseas an Athbhreithniúcháin Bhliantúil

De réir Acht 32.3 den Rialúchán 1260/1999, áirítear ar cheann de na coinníollacha chun íocaíochtaí eatramhacha a fháil ón gCoimisiún méid agus líon na n-iarrachtaí atá déanta ag na hÚdaráis Náisiúnta chun moltaí an Choimisiúin a chur i ngníomh laistigh den tréimhse shainithe (nó na fáthanna nár chuir siad aon bheartais i gcrích curtha in iúl acu), má tá na moltaí sin ceaptha chun réitigh a thabhairt ar easnaimh thromchúiseach sa chóras bainistíochta nó monatóireachta a bhaineann an bonn ó bhainistíocht airgeadais cheart an chláir.

1. FORBHREATHNÚ AR "EQUAL" AGUS AON ATHRUITHE AR CHOINNÍOLLACHA A BHAINEANN LE FEIDHMIÚCHÁN AN CHÚNAMH

1.1 Forbhreathnú

Cuspóir EQUAL

Déanann EQUAL iarracht aithne agus aghaidh a thabhairt ar fhoirmeacha bunúsacha idirdhealaithe agus míchothromaíochta sa mhargadh fostaíochta, trí fhorbairt polasaithe agus chleachtais nuálaíocha a gcuireann Comhpháirtíochtaí Forbartha EQUAL tús leo.

Tá maoiniú faighte ag 21 Chomhpháirtíocht Forbartha (DPanna) EQUAL ar fad faoi Bhabhta 1 agus tá maoiniú á fháil faoi láthair ag 22 Chomhpháirtíocht Forbartha EQUAL ar fad faoi Bhabhta 2 de Thionscnamh Pobail EQUAL an AE (www.equal-ci.ie) in Éirinn. Seoladh Babhta 1 i 2001 agus seoladh Babhta 2 i 2004. Faigheann an Tionscnamh cuid dá mhaoiniú tríd an CSE (Ciste Sóisialta na hEorpa) (€ 34.49 milliúin[1]) agus déanann sé iarracht aithne agus aghaidh a thabhairt ar fhoirmeacha bunúsacha idirdhealaithe agus míchothromaíochta sa mhargadh fostaíochta trí fhorbairt pholasaithe agus chleachtais atá á dtreorú ag na Comhpháirtíochtaí Forbartha EQUAL. Thosnaigh Babhta 1 de EQUAL i Samhain 2001 agus bhí sé críochnaithe faoi lár na bliana 2005. Thosnaigh Babhta 2 de EQUAL ar 1ú Eanáir 2005, i ndiaidh phróisis iarratais agus roghnaithe, agus tá sé le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2007.

Tá réasúnaíocht láidir ag an gClár EQUAL agus ag gníomhaíochtaí Comhpháirtíochtaí Forbartha EQUAL in a lán slite, mar shampla trí EQUAL, tá cláracha píolótacha iomlánaíocha agus meicníochtaí seachadta á bhforbairt,nach bhfuil ar fáil i gcláracha príomhshrutha agus a fhreagraíonn go hoibiachtúil do

[1] Méideanna Innéacsaithe san áireamh

riachtanais chuimsitheacha an duine aonair agus don gclár oibre níos leithne i leith comhionannais. Beidh ionad oibre an todhchaí le haithint ó leibhéil méadaithe éagsúlachta. Is iad foghlaim ar feadh an tsaoil agus cóiríocht éagsúlachta na príomh-théamaí atá tagtha chun cinn san obair atá déanta ag méid suntasach de Chomhpháirtíochtaí Forbartha agus líonraí.

Leanfaidh EQUAL ar aghaidh chomh maith ag trasnú le straitéis chomhtháite an Aontais Eorpaigh chun cur i gcoinne idirdhealaithe de bharr inscne, bunúis chine nó eitnigh, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó claonadh gnéasaigh. Agus é ag díriú ar an margadh fostaíochta, leanfaidh EQUAL ar aghaidh mar chuid den straitéis sin agus tabharfaidh sé tacaíocht do iarrachtaí chun dul i ngleic le hidirdhealú sna cásanna seo go léir.

Tá na deiseanna do dhéantóirí polasaithe áitiúla agus náisiúnta á fhorbairt in Éirinn i slí níos straitéisí faoi EQUAL chun naisc a bhunú idir gníomhaíochtaí Comhpháirtíochtaí Forbartha EQUAL agus bearta oideachasúla, oiliúna agus bearta don mhargadh fostaíochta príomhshruthach. Ar na comh-eagraíochtaí sna Comhpháirtíochtaí Forbartha EQUAL áirítear na comhpháirtithe sóisialta, comhlachtaí Stáit agus fo-Stáit, Ranna Rialtais agus eagraíochtaí pobail chomh maith le eagraíochtaí ón earnáil dheonach. Táid go léir ag obair le chéile ar chomhchuspóirí. Dá bharr sin, tá acmhainn láidir ann chun éifeacht agus/nó tionchar a bheith acu ar pholasaí agus cleachtas.

Tugadh aird ar leith do fhorleathadh, líonrú agus príomhshruthú ar thionscadail aonair, líonraí téamacha náisiúnta agus ar an nGrúpa um Pholasaí Príomhshruthaithe (a bunaíodh i mBealtaine 2002). Mar shampla, cuireadh maitrís um Phríomhshruthú le chéile mar chúnamh do Comhpháirtíochtaí Forbartha a n-acmhainn Phríomhshruthach a uasmhéadú agus cuireann sé ar chumas na gComhpháirtíochtaí Forbartha aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas príomhshruthaithe ar shlí chórasach. Forbairt eile a tháinig as ná bunú foghrúpa den Ghrúpa um Pholasaí Príomhshruthaithe (ar a bhfuil cathaoirleach ón Údarás Chomhionannais) chun plé a dhéanamh ar na príomhrudaí a bhí foghlamtha ó EQUAL, agus chun dréacht de thogra a chur le chéile le cur faoi bhráid an Aonaid CSE (Cistiú Sóisialta na hEorpa), d'fhonn é a chur san áireamh le linn do thosaíochtaí don chéad bhabhta eile maoiniú ón CSE 2007 go 2013 a bheith á n-aithint. Tá níos mó plé déanta ar na forbairtí seo agus ar chinn eile níos faide anonn sa Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh seo.

Forbairtí ábartha sa timpeallacht shocheacnamaíoch
Fás an Lucht Oibre

Bhí pátrún dul chun cinn na heacnamaíochta in Éirinnn sna blianta ó 2001 anuas socair agus measartha. I 2006 bhí feabhas leantach le feiceáil i ngeilleagar na hÉireann, é ag fás ag na rátaí 6% (OTI) (Olltáirgeacht Intíre) agus 7.4% (OTN) (Olltáirgeacht Náisiúnta). Cé go bhfuil sé seo níos ísle ná na rátaí de 10% ar an

meán a baineadh amach sna blianta deireanacha den mhílaois seo chaite, fós is comhartha láidreachta é i gcomparáid le staid geilleagair an AE ar an iomlán.

Leanann an lucht oibre air ag fás go suntasach, é ag méadú ag ráta 4% sna 12 mhí go dtí deireadh 2006. Tá an méadú i bhfostaíocht láidir chomh maith le méadú 4.3% a bheith taifeadta don bhliain sin. Bhí laghdú beag i líon na ndaoine dífhostaithe leis an ráta dífhostaíochta ag laghdú beagáinín go 4.1% agus laghdaigh an ráta dífhostaíochta fad-théarmach beagáinín go 1.3%. Tá an dá ráta sin íseal mar dhearbhluachanna agus nuair a chuirtear iad i gcomparáid le meán an AE.

RÁTAÍ DÍFHOSTAÍOCHTA (Meán Bliantúil) [2]						
Bliain:	2001	2002	2003	2004	2005	2006
Ráta:	3.9%	4.4%	4.6%	4.4%	4.4%	4.1%

Ionchais eacnamaíocha don am le teacht

Toisc go leanann an forás eacnamaíoch ar aghaidh in Éirinn in ainneoin an meathlaithe eacnamaíoch domhanda sa tréimhse 2001-2003, tá sé in áit mhaith chun tairbhe a bhaint as aon fheabhsú domhanda. Tá Roinn an Airgeadais ag tuar ráta foráis eacnamaíoch 5%[3] do 2007. Tá an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), an foras taighde neamhspleách, ag tuar ráta foráis do 2007 ag rátaí 5.4% (OTN) agus 5% (OTI) [4].

Margadh Fostaíochta na hÉireann i 2006

Fás an Lucht Oibre

Tháinig méadú 82,900 ar an lucht oibre, méadú 4% é seo go 2,154,800 sa bhliain go dtí an cheathrú ráithe de 2006 – méadú de (4%). I gcaitheamh na tréimhse céanna d'fhás ráta rannpháirtíochta na mban ó 52.1% go 53% agus mhéadaigh ráta na bhfear ó 72.5% go 73%. ("QHNS", Q4, 2006)

Dífhostaíocht

Bhí 88,500 duine dífhostaithe sa cheathrú ráithe de 2006, laghdú de 2,600 i rith na bliana é seo. Tháinig laghdú de 2,100 ar líon na ndaoine a bhí dífhostaithe

[2] *Foinse: Rátaí Dífhostaíochta Caighdeánaithe atá cogairtithe de réir Séasúir – (CSO) (www.ccso.ie)*

[3] Foinse: An Roinn Airgeadais, *Bullaitín Eacnamaíoch Míosúil Aibreán 2007*

[4] Foinse: *Tráchtaireacht Eacnamaíoch Ráithiúil, Earrach 2006, ESRI - (www.esri.ie)*

go gearrthéarmach agus thit a líon go 61,400 Tháinig laghdú de 500 síos go 27,100 ar líon na ndaoine a bhí dífhostaithe go fadthéarmach. Thit an ráta dífhostaíochta coigeartaithe de réir séasúir go 4.1% i rith na ráithe i gcomparáid le 4.4% sa ráithe chéanna den bhliain 2005.

DÍFHOSTAITHE GO FAD-THÉARMACH						
Bliain:	2001	2002	2003	2004	2005	2006
Ráta:	1.25%	1.25	1.4%	1.5%	1.4%	1.3%

Fostaíocht
Sa bhliain suas go dtí an cheathrú ráithe de 2006, tháinig méadú de 46,100 (4.4%) ar líon na bhfear i bhfostaíocht agus mhéadaigh líon na mban i bhfostaíocht de 37,100 (4.7%). Sheas an méadú i bhfostaíocht fad-théarmach (+77,200) do nócha faoin gcéad den mhéadú iomlán i bhfostaíocht agus meastar gur tharla 52% nó 44,000 den mhéadú bliantúil de bharr náisiúnach coigríche. Bhí 2,068,500 duine i bhfostaíocht sa cheathrú ráithe de 2006, méadú de 85,500 sa bhliain.

Fostaíocht Earnála
D'fhás fostaíocht sna hearnálacha Foirgníochta (+28,400) agus *Airgeadais agus sheirbhísí gnó eile* (+15,000) go mór sa bhliain suas go dtí an cheathrú ráithe de 2006. Bhí fás láidir faoi na hearnálacha Sláinte (+18,700) agus Oideachais (+11,700) i gcónaí chomh maith.

Tugadh na méadaithe is mó faoi deara sna seirbhísí pearsanta agus cosanta (+17,800, sna seirbhísí gairmiúla (+23,800), sa cheardaíocht agus a mbaineann léi (+12,800). Tharla an t-aon laghdú amháin i líon na mBainisteoirí agus na riarthóirí (3,000) agus i líon na nOibrithe Gléasra agus Ineall (-1,700).

Fostaíocht Lánaimseartha agus Páirtaimseartha
Sa bhliain suas go dtí an cheathrú ráithe de 2006, tháinig méadú de 77,200 ar líon na ndaoine i bhfostaíocht lánaimseartha, é ag ardú go dtí 1,717,000. San áireamh sa mhéadú bliantúil seo tá 32,800 bean agus 44,300 fear.

Tháinig méadú de 8,300 ar líon na ndaoine fostaithe go páirtaimseartha, sa bhliain suas go dtí an ceathrú ráithe de 2006, agus tháinig méadú de 12,100 ar líon na ndaoine féinfhostaithe.

Comparáidí Réigiúnacha

Sa bhliain suas go dtí an cheathrú ráithe de 2006, tháinig méadú de 24,800 (4.9%) ar an bhfostaíocht sa réigiún BMW (Teorainn, Lár na tíre agus Iarthar) agus de 60,700 sa réigiún SAE (Deisceart agus Oirthear). Tharla laghdú bliantúil i bhfostaíocht sa Réigiún SAE (1,900) agus bhí laghdú de 600 taifeadta don réigiún BMW.

Ag leibhéal NUTS 3 d'fhás an méid fostaíochta i ngach réigiún agus bhí na rataí fáis ní b'airde i rith na bliana le feiceáil san Oir-Deisceart (+7.5%) agus ag an teorainn +(6.6%). Bhí méadú bliantúil de 24,000 (+4.1%) i líon na ndaoine i bhfostaíocht sa réigiún Bhaile Átha Cliath.

Stádas na Neamhnáisiúnach in Éirinn sa Lucht Oibre

De réir meastachán ar stádas na neamhnáisiúnach in Éirinn sa lucht oibre ón bPríomh-Oifig Staidrimh, bhí tuairim is 301,100 náisiúnach coigríche 15 bliana d'aois nó os a cionn sa Stát sa ráithe dheireanach de 2006. Díobh siúd, bhí 215,500 fostaithe agus bhí 14,300 dífhostaithe. Ba í lion na ndaoine ó stáit Aontachais nua an AE sa lucht oibre ná 93,600 sa cheathrú ráithe de 2006. Mhéadaigh líon na neamhnáisiúnach ó thíortha lasmuigh den AE a bhí sa lucht oibre ó 51,500 go 69,300 i rith na bliana.

Sa cheathrú ráithe de 2006, ba neamhnáisiúnaigh iad beagán níos mó ná 10% de líon iomlán na ndaoine 15 bliana d'aois agus os a cionn a bhí fostaithe in Éirinn. Náisiúnaigh choigríche a bhí i mbeagán níos mó ná 28% de na hoibrithe in Óstáin agus i mbialanna, 13.4% san earnáil Foirgníochta agus 12.1% sna tionscail táirgíochta eile.

Treochtaí agus ceisteanna a bhaineann le Fostaíocht agus Dífhostaíocht, 2006

Aithníodh roinnt treochtaí agus ceisteanna atá ag teacht chun cinn, mar a leanas:

Ba iad na rátaí fostaíochta in Éirinn ag deireadh 2006 ná:

- fostaíocht iomlán 68.7%
- oibrithe baineannacha 59.6%
- oibrithe breacaosta 52.2%

Is iad spriocrátaí fostaíochta Liospóin don bhliain 2010 ná 70%, 60% agus 50% faoi seach. Réamh-mheasann Coimisiún an AE go mbainfidh Éire na spriocanna go léir amach in am.

- Tá an ráta dífhostaíochta reatha íseal i gcónaí ag 4.1%; tá an ráta dífhostaíochta fadthéarmach íseal chomh maith ag 1.3%.

- Mhéadaigh fostaíocht na mban ag ráta níos mó ná fostaíocht na bhfear (+4.6% i gcomparáid le +4.3% faoi seach.) Tharla cuid den mhéadú seo de thoradh an méadaithe ar líon na mban pósta atá sa lucht oibre, is é sin, méadú 15,400 a thugann 437,000.

- Ba ionann líon na neamhnáisiúnach i bhfostaíocht agus 10%, agus bhí méadú de beagnach 2% ar a líon i gcomórtas leis an mbliain roimhe.

- Bhí easpa scileanna oibre ag goilliúint ar na hearnálacha go léir i gcónaí, go háirithe i dtionscal na foirgníochta agus na seirbhísí.

Tá réimse leathan polasaithe agus tionscnamh curtha le chéile i gClár Athcóirithe Náisiúnta na hÉireann (NRP) 2005-2008 atá dírithe ar fhás eacnamaíoch agus feidhmíocht fostaíochta láidir a choinneáil ar siúl. Is iad seo na príomhiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gClár chun cur leis an gClár Oibre Liospóin athsheolta i rith na tréimhse go dtí 2008. Beidh Éire ag díriú isteach go háirithe ar dhá dhúshlán mhóra chun a cinntiú go gcuirfidh polasaí an mhargaidh fhostaíochta le geilleagar ina mbeidh tuilledh béime ar chúrsaí eolais agus nuálaíochta:

- Cinntiú go mbeidh lucht oibre mór go leor chun dáileáil le riachtanais an geilleagair agus chun fás na heacnamaíochta a choinneáil. Gheofar lucht oibre mór go leor as roinnt foinsí ar a n-áirítear: an méadú bunúsach sa daonra, níos mó rannpháirtíocht daoine dífhostaithe agus daoine lasmuigh den lucht oibre, agus imirce.
- Leanúint ar aghaidh ag díriú go láidir ar oideachas agus oiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil san áireamh anseo, chun cinntiú go mbeidh lucht oibre sár-oilte agus inoiriúnaithe á fhorbairt.

1.2 Impleachtaí

Tá geilleagar fíor-láidir mar aon le lucht oibre atá ag dul i méid, in Éirinn i gcónaí, agus dá bharr sin, deimhníonn na cúrsaí maicreacnamaíocha is tábhachtaí atá leagtha amach ag EQUAL, mar shampla go mb'fhéidir go mbeadh easpa soláthar saothair nó margadh saothair ró-chúng ann, deimhníonn siad seo oiriúnacht na straitéise iomláine atá glactha ag na húdaráis Éireannacha nuair a bhí an Clár Tionscnaimh Chomhphobail (CIP) á dhréachtú acu i 2000. Tá cuspóirí uileghabhálacha na bpolasaithe don mhargadh fostaíochta seo a leanas ar aon dul leis an straitéis sin:

- Chun fás fostaíochta agus fostaíocht a chur chun cinn do gach duine atá á lorg;
- Chun soghluaisteacht i measc an lucht oibre a chothú, rannpháirtíocht mná san áireamh anseo, chomh maith le comhdheiseanna agus méadú cothrom maidir le inimirce;
- Chun cáilíocht oibre a fheabhsú le cúnamh ó oideachas, oiliúint agus ó fhoghlaim ar feadh an tsaoil, trí oideachas agus oiliúint a chur ar fáil lasmuigh de na córais fhoirmiúla agus trí daoine a spreagadh chun bheith de shíor ag cur lena gcuid scileanna,
- Chun cuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta a chothú agus deireadh a chur le dífhostaíocht fadthéarmach;
- Is tosaíocht í i gcónaí polasaithe a dhíriú ar riachtanais na ndaoine siúd is faide atá ón margadh fostaíochta agus na ndaoine faoi mhíbhuntáistí móra maidir le post a choimeád sa mhargadh fostaíochta oscailte;
- Chun glacadh le cleachtais a thacaíonn le teaghlaigh.

1.3 Ceisteanna a bhaineann le Cómhaoiniú Náisiúnta an Chúnaimh ó Chistí Struchtúrtha.

Chuir na hAonaid Rialachán Airgeadais agus Iniúchta Inmheánaí ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta iniúchadh uileghabhálach ar EQUAL i gcrích a thosaigh i 2005 agus a lean ar aghaidh go 2006. Bhí toradh dearfach air agus tá roinnt mionsonraí a tháinig as le feiceáil thíos:

Babhta 1 Dúnadh

Aithníodh ceisteanna maidir le bainistíocht airgeadais, a bhí go léir, nach mór, ag baint le coimeád taifead, i leith trí thionscadal; ach táthar ag tabhairt aghaidhe ar na ceisteanna seo agus, ag an am atá seo á scríobh, is cosúil go mbeidh réiteach orthu don chuid is mó. Meastar go seolfaidh na hÚdaráis um Iniúchtaí torthaí an iniúchta seo ar aghaidh chuig an Coimisiún Eorpach gan mhoill.

Alt 4 Scrúdaithe ar Thionscadail Babhta 1 agus Bhabhta 2

Leanadh ar aghaidh le cuairteanna ar thionscadail de réir Rialacháin AE 438/2001 - scrúdaithe tosaigh, scrúdaithe monatóireachta/rialaithe ar suíomh. Ar an 22 Márta 2007, tá ar a laghad dhá chuairt tugtha ar thionscadail Bhabhta 2 go léir, seachas ceann amháin.

Torthaí Monatóireachta Airgeadais – Torthaí Caiteachais ó Thionscadail Bhabhta 2

Léiríonn na torthaí monatóireachta is déanaí caiteachas iomlán de €8.92m do 2006 (bliain iomlán) agus fuarthas €5.92m nó 66.4% den méid seo ó CSE. Tháinig €2.33m nó 26.1% den chaiteachas iomlán as ciste meaitseála Poiblí

agus €0.67m nó 7.5% den chaiteachas iomlán as ciste meaitseála Príobháideach.

Suas go dtí 30 Meán Fómhair 2006, ba í an chatagóir a thabhaigh na costaisí ní b'airde as an 22 chatagóir ná Riarachán ag €3.35m nó 37.6% de Chaiteachas Iomlán (laghdú ó 42.8% ag an am a tháinig an tuarascáil roimhe seo amach). Tá an céatadán seo fós ag ísliú de réir mar atá tionscadail ag dul i ngleic le príomhghníomhaíochtaí eile ar nós oiliúna, costaisí na rannpháirtithe, cúrsaí trasnáisiúnta agus príomhshruthú/forleathadh.

D'fhan an caiteachas ní ba airde i gcolún na hInfhostaitheachta, ag €3.45m (9 dtionscadal) ach níl Inoiriúnaitheacht i bhfad uaidh ag €3.33m (6 thionscadal). Chomh maith leis sin, tá an caiteachas ní ba ísle faoi cholún an Lucht Iarrtha Tearmainn (€0.41m - 2 thionscadal) i gcónaí.

Gannchaiteachas go dtí seo

I 2006, chuir an t-Údarás Bainistíochta in iúl don gCoimisiún go raibh aistrithe á dhéanamh idir na Colúin (bunaithe ar ghannchaiteachas réamh-mheasta ag an am sin). Bhí na haistrithe seo bunaithe ar na meastacháin ab fhearr ar acmhainn caiteachais thionscadalbhunaithe agus cholúnbhunaithe i rith saoil EQUAL. Tá an t-iarratas seo fós á mheas ag an gCoimisiún agus tá cinneadh le bheith déanta gan ró-mhoill.

Lean an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) air ag obair as láimh a chéile le tionscadail chun cumais chaitheachais eile a aithint. Sna cásanna gur aithníodh cumais den sórt sin agus inar chuir tionscadail iarratais i scríbhinn isteach, agus fuair tacaíocht ón NSS, tá leithdháiltí breise áirithe ceadaithe ag an Údarás Bainistíochta nó tá an t-Údarás ar tí iad a cheadú. Is é an leithdháileadh iomlán atá ceadaithe ag an CSE do 22 tionscadal Babhta 2 faoi láthair ná €17,108,876, agus roinntear é seo i leithdháiltí bliantúla mar seo a leanas:

2005	€3,921,388
2006	€6,791,823
2007	€6,395,665

Tá an t-Údarás Bainistíochta agus an NSS ag leanúint ar aghaidh ag monatóireacht tionscadal go géar agus ag obair le tionscadail chun a leithdháiltí ón CSE a bhainistiú go gníomhach.

2.1 Comhlánú Cláir

D'ullmhaigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Comhlánú Cláir agus é ag obair mar Údarás Bainistíochta don CIP EQUAL de réir Ailt 15 (6) agus 18 (3) de Rialachán 1260/1999 Comhairle an AE a leagann síos forálacha ginearálta faoi Chiste Struchtúrtha an AE.

Is ann a mhionsonraítear cur i ngníomh, straitéis chúnaimh agus tosaíochtaí a bunaíodh i gcreat díospóireachtaí agus idirbheartaíochtaí idir Éire agus an Coimisiún nuair a bhí an CIP á dhréachtú acu.

Is é príomhról an Chomhlánú Cláir ná chun:

- Clár ábhair an CIP a fhairsingiú agus a mhionsonrú
- Béim a leagadh phríomhfhreagracht an Choiste Mhonatóireachta sa tréimhse chistiúcháin nua;
- Tús a chur leis na híocaíochtaí;
- Bunús a thabhairt i gcomhair mionathraithe riachtanacha atá ar bun i gcónaí.

Cheadaigh an Coiste Monatóireachta an Comhlánú Cláir do EQUAL ag cruinniú dá chuid ar an 31ú Bealtaine 2001 agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin é le leasuithe beaga mar eolas dó ina dhiaidh sin ar an 12ú Iúil 2001. Tá sonraithe léirithe ann de réir birt chomh maith le ranníocaíocht chómhaoinithe i dtaobh gach bliana den CSE a áiríonn costas incháilithe iomlán, costas poiblí iomlán agus costas incháilithe príobháideach agus ioncam .

Tugann an CSE maoiniú don chlár suas go dtí uasráta idirghabhála 75% in aghaidh na bliana, ach amháin i gcás cúnaimh theicniúil, rud dá dtugtar cómhaoiniú ag ráta 50%.

2.1.1 Leasuithe ar an gComhlánú Cláir

Rinneadh cinneadh i Mí na Samhna 2006 faomhadh a lorg ón gCoiste Monatóireachta maidir le Plean Airgeadais athbhreithnithe a bhí beartaithe, trí iarratas i scríbhinn a chur isteach. D'aontaigh an Coiste Monatóireachta leis an bPlean Airgeadais mionathraithe.

Seoladh fógra foirmiúil chuig an gCoimisiún Eorpach i Nollaig 2006 maidir leis an mionathrú ar an bPlean Airgeadais a foilsíodh i gCinneadh C an Choimisiúin (2005) 1235 de Aibreán 2005, a leasaigh cinneadh C (2001) 588. Tá an t-iarratas seo fós á mheas ag an gCoimisiún agus táthar chun cinneadh a dhéanamh gan mhoill.

Moladh méadú de €300,000 a chur leis an maoiniú ón CSE faoi cholúin na hInfhostaitheachta agus na gComhdheiseanna de bharr an róchaithimh réamh-mheasta thar 2% de leithdháiltí airgeadais bunaigh sa dhá cholún. Moladh mhaoiniú ón CSE faoi na colúin Fiontraíochta agus Inoiriúnaitheachta a laghdú de €300,000 mar thoradh ar an ngannchaiteachas sa dá cholún seo.

Léiríonn an tábla leasaithe thíos comhréireanna foriomlána nua na d tosaíochtaí mar a leanas:

INFHOSTAITHEACHT	38%
FIONTRAÍOCHT	9%
INOIRIÚNAITHEACHT	27%
COMHDHEISEANNA	13%
LUCHT IARRTHA TEARMAINN	5%

Dá réir, léirítear an Tábla Airgeadais athbhreithnithe do na blianta 2001-2006 mar a leanas

AGUISÍN

Tábla Airgeadais do Chlár Oibriúcháin de réir tosaíochta agus bliana

Uimhir Thagartha an Choimisiúin, Clár Oibriúcháin : SG (2001) D/288704 Ballstát: ÉIRE

Teidil: Tionscnamh Pobail EQUAL – ÉIRE

Meuro

Tosaíocht/Bliain	Costas Iomlán Incháilithe (+2+9+10) 1	**Costas Poiblí Incháil. Iomlán** (3+4) 2	**Rannpháirt CSE.** 3	**Iomlán** (5+6+7) 4	**Rannpháirt. phoiblí Náis.** Lárnach 5	Reigiúnach 6	Áitiúil 7	Eile (le sonrú) 8	**Costas Príobh.. Incháil. (measta)** 9	Ioncam (measta) 10	
Tosaíocht 1 Infhostaitheacht	17.645589	16.763309	13.234192	3.529117	3.529117	0.000	0.000	0.000	0.882280	0.000	38%
2001	3.120000	2.964000	2.340000	0.624000	0.624000				0.156000		
2002	3.441600	3.269520	2.581200	0.688320	0.688320				0.172080		
2003	3.417600	3.246720	2.563200	0.683520	0.683520				0.170880		
2004	2.336112	2.219306	1.752084	0.467222	0.467222				0.116806		
2005	2.430886	2.309342	1.823165	0.486177	0.486177				0.121544		
2006	2.899391	2.754421	2.174543	0.579878	0.579878				0.144970		
Tosaíocht 2 Fiontraíocht	4.199821	3.989830	3.149865	0.839965	0.839965	0.000	0.000	0.000	0.209991	0.000	9%
2001	0.693334	0.658667	0.520000	0.138667	0.138667				0.034667		
2002	0.764800	0.726560	0.573600	0.152960	0.152960				0.038240		
2003	0.759466	0.721493	0.569600	0.151893	0.151893				0.037973		
2004	0.773003	0.734353	0.579752	0.154601	0.154601				0.038650		
2005	0.797264	0.757401	0.597948	0.159453	0.159453				0.039863		
2006	0.411954	0.391356	0.308965	0.082391	0.082391				0.020598		

Tosaíocht 3 Inoiriúnaith'cht	12.253238	11.640577	9.189930	2.450647	2.450647	0.000	0.000	0.000	0.612661	0.000	27%
2001	1.386665	1.317332	1.040000	0.277332	0.277332				0.069333		
2002	1.529600	1.453120	1.147200	0.305920	0.305920				0.076480		
2003	1.518934	1.442987	1.139200	0.303787	0.303787				0.075947		
2004	2.688405	2.553985	2.016304	0.537681	0.537681				0.134420		
2005	2.751328	2.613762	2.063496	0.550266	0.550266				0.137566		
2006	2.378306	2.259391	1.783730	0.475661	0.475661				0.118915		
Tosaíocht 4 Comhdheis'na	5.919784	5.623795	4.439838	1.183957	1.183957	0.000	0.000	0.000	0.295989	0.000	13%
2001	0.832000	0.790400	0.624000	0.166400	0.166400				0.041600		
2002	0.917760	0.871872	0.688320	0.183552	0.183552				0.045888		
2003	0.911360	0.865792	0.683520	0.182272	0.182272				0.045568		
2004	0.927604	0.881224	0.695703	0.185521	0.185521				0.046380		
2005	0.956716	0.908880	0.717537	0.191343	0.191343				0.047836		
2006	1.374344	1.305627	1.030758	0.274869	0.274869				0.068717		
Tosaíocht 5 Lucht Iarrtha Tearmainn	2.299909	2.184913	1.724932	0.459981	0.459981	0.000	0.000	0.000	0.114996	0.000	5%
2001	0.346666	0.329333	0.260000	0.069333	0.069333				0.017333		
2002	0.382400	0.363280	0.286800	0.076480	0.076480				0.019120		
2003	0.379734	0.360747	0.284800	0.075947	0.075947				0.018987		
2004	0.386501	0.367176	0.289876	0.077300	0.077300				0.019325		
2005	0.398632	0.378700	0.298974	0.079726	0.079726				0.019932		
2006	0.405976	0.385677	0.304482	0.081195	0.081195				0.020299		
Iomlán ar Thos'taí 1-5	**42.318341**	**40.202424**	**31.738757**	**8.463667**	**8.463667**	**0.000**	**0.000**	**0.000**	**2.115917**		**92%**

Cúnamh Teicniúil Beart 7a	2.069918	2.069918	1.034959	1.034959	1.034959	0.000	0.000	0.000	0.000000	0.000	3%
2001	0.312000	0.312000	0.156000	0.156000	0.156000						
2002	0.344160	0.344160	0.172080	0.172080	0.172080						
2003	0.341760	0.341760	0.170880	0.170880	0.170880						
2004	0.347852	0.347852	0.173926	0.173926	0.173926						
2005	0.358766	0.358766	0.179383	0.179383	0.179383						
2006	0.365380	0.365380	0.182690	0.182690	0.182690						
Cúnamh Teicniúil Beart 7b	1.379946	1.379946	0.689973	0.689973	0.689973	0.000	0.000	0.000	0.000000	0.000	2%
2001	0.208000	0.208000	0.104000	0.104000	0.104000						
2002	0.229440	0.229440	0.114720	0.114720	0.114720						
2003	0.227840	0.227840	0.113920	0.113920	0.113920						
2004	0.231900	0.231900	0.115950	0.115950	0.115950						
2005	0.239182	0.239182	0.119591	0.119591	0.119591						
2006	0.243584	0.243584	0.121792	0.121792	0.121792						
Cúnamh Teicniúil Measure 7c	2.069918	2.069918	1.034959	1.034959	1.034959	0.000	0.000	0.000	0.000000	0.000	3%
2001	0.312000	0.312000	0.156000	0.156000	0.156000						
2002	0.344160	0.344160	0.172080	0.172080	0.172080						
2003	0.341760	0.341760	0.170880	0.170880	0.170880						
2004	0.347852	0.347852	0.173926	0.173926	0.173926						
2005	0.358766	0.358766	0.179383	0.179383	0.179383						
2006	0.365380	0.365380	0.182690	0.182690	0.182690						
Iomlán	47.838123	45.722206	34.498648	11.223558	11.223558	0.000	0.000	0.000	2.115917	0.000	100%

Nóta: Baineann gach maoiniú le CSE, .i. níl meastachán i leith costais nach ndéantar cómhaoiniú air san áireamh anseo.

Ráta idirghabhála do 2000 – 2006: 75%. Maoiniú 50% do Chúnamh Teicniúil i ngach bliain

2.1 Staid an Chuir i nGníomh

2.2.1 Gníomhaíochtaí Babhta 1 Gníomh 3

Chríochnaigh fiche as an 21 Chomhpháirtíocht Forbartha a gcuid oibre i 2005. Deonaíodh síneadh go dtí 31ú Lúnasa 2006 ar Chomhpháirtíocht Forbartha Equal Bhaile Bhlainséara do ghníomhaíocht den chineal Gnímh 2.

Ar an iomlán níor buaileadh le haon deacrachtaí suntasacha fad is a bhí Gníomh 3 á chur i ngníomh. Cuireadh monatóireacht rialta de réir Ailt 4 mar aon le monatóireacht eile i gcrích, agus faoi dheireadh tháinig na torthaí a raibh súil leo, maidir le táirgí, oiliúint agus idirghabhálacha eile as an gcuid ba mhó de thionscadail.

Glacadh le hiarratais maidir le príomhshruthú ó dhá cheann de na tionscadail ó Bhabhta 1, SONAS (Iarrthóir Tearmainn) agus “Equal” an Oir-Thuaiscirt (Colún Infhostaitheachta), mar mholtaí iomlána um phríomhshruthú.

Tá tionscadal “Equal” an Oir-Thuaiscirt ag úsáid a mhaoinithe phríomhshruthaigh chun glacadh le cur chuige ilfhoghlama i leith inmeascadh na ndaoine ón lucht oibre atá dífhostaithe go fadtéarmach. Ta an tsamhail atá forbartha ag an tionscadal an-rathúil ó thaobh dul chun cinn de agus leathnaíodh amach é go bonn réigiúnach. Tharraing an tsamhail seo a lán airde uirthi féin ag an leibhéal corparáideach i FÁS.

Tá maoiniú i gcomhair príomhshruthaithe á fháil ag an tionscadal SONAS chomh maith agus tá sé ag scrúdú slite chun lucht iarrtha tearmainn a imeascadh in san lucht oibre. Tá an tionscadal ag obair le gníomhaireachtaí stáit ar nós na Gníomhaireachta um Fháiltiú agus Imeascadh (RIA).

2.2.2 **Babhta 2 Gníomhartha 2 agus 3**

De bharr an chórais mhonatóireachta atá á úsáid faoi EQUAL in Éirinn, gabhtar réimse leathan sonraí faoi ghníomhaíocht ag leibhéal an tionscadail, agus comhthiomsaítear iad sin go léir ina dhiaidh sin go dtí leibhéal birt agus leibhéal cláir. Bailítear crua-shonraí agus bogshonraí de réir mar is gá, faoi rannpháirtithe, faoi thairbhithe, faoi ghníomhaíocht thrasnáisiúnta, faoi phearsanra an tionscnaimh agus faoi phatrúin caiteachais thar roinnt teidil éagsúla. Cuirtear an t-eolas ar fáil de ghnáth don gCoiste Monatóireachta agus bíonn sé ar fáil chomh maith chun cur isteach i nuachtlitir agus doiciméid eile cosúil leis an Tuarascáil Bhliantúil.

Baineadh an t-eolas faoi phróifílí rannpháirtithe i 2006 as an gcóras monatóireachta sin.

Taispeánann sonraí don tréimhse suas go dtí mí na Nollag 2006 995 rannpháirtí ar an iomlán a chláraigh le 15 de na 22 thionscadal Equal de Bhabhta 2. Is méadú mór é seo i gcomparáid leis an 681 rannpháirtí a cláraíodh le tionscadail faoi dheireadh Meithimh 2006. Tugann Tábla 1 thíos mionsonraí ar líon na rannpháirtithe ar thugadh tuairisc orthu de réir tionscadail:

Tábla 1 Próifíl rannpháirtithe de réir tionscadail go dtí Mí na Nollag 2006

Colún	**Ainm na Comhpháirtíochta Forbartha (DP)**	**Líon rannpháirtithe**	**Bailí %**
Infhostaitheacht	DP9	49	4.9
Infhostaitheacht	You're Equal	69	6.9
Infhostaitheacht	Carlow Equal	108	10.9
Infhostaitheacht	Education 4 Employment	43	4.3
Infhostaitheacht	WAM	29	2.9
Infhostaitheacht	Tallaght Equal Assists	39	3.9
Infhostaitheacht	Equal Youth	17	1.7
Fiontraíocht	Longford Equal DP	38	3.8
Fiontraíocht	Emerge	156	15.7
Inoiriúnaitheacht	Clare Lifelong learning Network	198	19.9
Inoiriúnaitheacht	Equal Ireland	167	16.8
Inoiriúnaitheacht	Equality Through E-work	40	4.0
Inoiriúnaitheacht	Senior Select Retain and Retrain	14	1.4
Comhdheiseanna	LIFT	20	2.0
Lucht Iarrtha Tearmainn	Roma Cultural Mediation	8	0.8
	Iomlán	995	100

Próifíl Rannpháirtithe de réir inscne agus aoise

As na rannpháirtithe a thug tuairisc faoina n-inscne agus a n-aois (n=972) bhí 61% baineann agus bhí 39% fireann. Tá tromlach na rannpháirtithe (n=654, 67.2%) idir 25 agus 54 bliana d'aois. Tugann tábla 2 miondealú ar aois agus inscne na rannpháirtithe.

.

Tábla 2 Próifíl Rannpháirtithe de réir inscne agus aoise

	<18	18-25	26-34	35-44	45-54	55-64	>65	Iomlán m.l. Inscne
	%							
Fireann	3.3	8.3	8.3	10.9	4.7	2.1	1.2	38.9
Baineann	1.2	6.9	13.0	17.5	12.9	5.8	3.9	61.1
Iomlán m.l. aois	4.5	15.2	21.3	28.4	17.6	7.8	5.1	100

Stádas pósta agus freagrachtaí chúraim

Thug 980 rannpháirtí ar fad tuairisc ar a stádas pósta. Díobh siúd, tá 47% (n=459) pósta agus tá 41% (n=404) nach bhfuil pósta. Tá ceithre go leith faoin gcéad scartha agus rinne an 7.3% a bhí fágtha cur síos ar a stádas pósta mar colscartha nó eile.

Níl sonraí faoi líon na leanaí atá ag rannpháirtithe ar fáil ach i dtaobh 72% (n=715) díobh. Tá idir 1 agus 3 leanbh (n=360) ag caoga haon faoin gcéad díobh agus tá 34% díobh gan aon leanaí. Tá idir 4 agus 10 leanbh ag an 15% (n=109) eile. Thug 896 rannpháirtí ar fad tuairisc faoina bhfreagrachtaí cúraim agus ba í tuairisc an tromlaigh ná nach bhfuil aon fhreagrachtaí cúraim orthu (71.4%, n=640) nó go bhfuil freagrachtaí cúraim ann agus go bhfuil réiteach acu orthu (24.4%, n=219). Thug an 4.2% a bhí fágtha (n=37) tuairisc faoi fhreagrachtaí cúraim nach bhfuil aon réiteach orthu.

Stádas Náisiúntachta agus Inimirce

Thug 992 rannpháirtí ar fad tuairisc ar a náisiúntacht. Is Éireannaigh an tromlach díobh (76.6%, n=760) agus is iad na náisiúnaigh a thagann ó thíortha lasmuigh den AE/Limistéar Eorpach Eacnamaíoch atá faoin dara dream is mó (17.3%, n=172). Tá náisiúnaigh as 32 thír lasmuigh den limistéar AE/Eorpach Eacnamaíoch ina rannpháirtithe in Equal agus tagann na dreamanna is mó díobh siúd as an Nigéir, as an India agus as an Rómáin. Is saoránaigh as stáit AE/Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch eile iad an 6% (n=60) de na rannpháirtithe atá fágtha.

Thug an 172 rannpháirtí ó thíortha lasmuigh den AE/Limistéar Eorpach Eacnamaíoch go léir tuairisc ar a stádas inimirce. Rinne an tromlach (83.7%, n=144) tagairt dá stádas mar ‘teifeach/cead fanachta’.

Oideachas agus stádas eacnamaíoch na rannpháirtithe:

Tábla 3: Cáilíocht oideachais is airde na rannpháirtithe de réir inscne agus aoisghrúpa.

	<25		26-44		45-64		>65		Iomlán m.l. inscne	
%	**M**	**F**	**M**	**F**	**M**	**F**	**M**	**F**	**M**	**F**
Bunscoil	5.8	1.5	3.0	2.1	2.0	3.4	0.4	1.5	11.2	8.6
Teast. Sóis.	3.2	1.8	3.5	5.9	1.4	6.3	0.4	0.1	8.6	14.1
Ardteist.	1.7	2.8	4.4	12.8	1.4	6.3	0.2	1.0	7.7	22.8
Teastas	0.2	0.3	1.4	3.0	0.2	1.5	0.1	0.2	2.0	5.1
Dioplóma	0.1	0.2	1.8	2.9	0.7	0.9	0.0	0.9	2.5	4.8
Céim	0.8	0.8	2.0	3.6	0.4	0.6	0.0	0.3	3.2	5.3
Ard-dioplóma	0.0	0.1	0.6	0.4	0.1	0.1	0.1	0.0	0.8	0.7
Iarchéim	0.1	0.1	1.2	0.4	0.6	0.2	0.0	0.0	1.9	0.8
Iomlán m.l. aois (%)	**11.9**	**7.6**	**17.8**	**31.2**	**6.8**	**19.3**	**1.3.**	**4.1**	**37.9**	**62.1**
Iomlán m.l. aois (líon)	**108**	**69**	**162**	**283**	**62**	**175**	**12**	**37**	**344**	**564**

Thug 908 rannpháirtí ar fad tuairisc ar an gcáilíocht oideachais is airde a fuair siad in oideachas foirmiúil lánaimseartha. Chríochnaigh beagnach aon chúigiú (19.8%, n=180) de rannpháirtithe a gcuid oideachais bunleibhéil. Chríochnaigh beagán níos mó ná leath díobh (53.2%, n=483) an teastas sóisearach (22.7%, n=206) nó an ardteistiméireacht (30.5%, n=277). Tá cáilíochtaí iar-dara leibhéil bainte amach ag díreach os cionn aon cheathrú de rannpháirtithe (27%, n=235).

Maidir leis na rannpháirtithe fireannacha, feictear ón ngrúpáil is mó díobh gurb é an leibhéal oideachais is airde atá bainte amach acu ná an bunleibhéal le 29% (n=102), agus leibhéal an Teastais Shóisearaigh ina dhiaidh sin le 22.6% (n=78). Maidir leis na rannpháirtithe baineannacha, feictear ón ngrúpáil is mó díobh gurb é an leibhéal oideachasúil is airde atá bainte amach acu ná leibhéal na hArdteistiméireachta le 36.7% (n=207). Tugann Tábla 3 thuas miondealú ar an leibhéal oideachais is airde atá bainte amach ag rannpháirtithe de réir aoise agus inscne.

Tá deacrachtaí litearthachta ag 12.1% (n=100) de rannpháirtithe (thug 825 rannpháirtí tuairisc faoi na leibhéil litearthachta atá acu). Tá deacrachtaí litearthachta ag beagnach 18.1% (n=66) de na rannpháirtithe fireanna agus thug 7.3% (n=34) de na rannpháirtithe baineanna tuairisc faoina ndeacrachtaí litearthachta. Tugann Tábla 4 miondealú ar leibhéil litearthachta rannpháirtithe de réir aoise agus inscne.

Léirigh an tromlach (69.4%) de na 940 rannpháirtí a thug tuairisc faoi leibhéal á gcuid scileanna TFC go bhfuil scileanna TFC bunúsacha acu nó go bhfuil siad inniúil ar. Díobh siúd, tá 70% faoi bhun 45 bliana d'aois. Tuairiscíonn cuid shuntasach (30.6%, n=288) de na rannpháirtithe go léir nach bhfuil aon scileanna TFC acu. Tugann Tábla 5 miondealú ar scileanna TFC na rannpháirtithe de réir aoise agus inscne.

Tábla 4: Leibhéal litearthachta de réir aoisghrúpa agus inscne

	<25		**26-44**		**45-64**		**>65**		**Iomlán m.l. inscne**	
%	**M**	**F**	**M**	**F**	**M**	**F**	**M**	**F**	**M**	**F**
Gan deacrachtaí litearthachta	8.8	8.0	19.2	19.9	6.9	20.1	1.2	3.8	36.1	51.8
Deacrachtaí litearth. ann	4.5	1.5	2.5	1.0	1.0	1.3	0.0	0.4	8.0	4.1
Ioml. m.l. aois (%)	**13.3**	**9.5**	**21.7**	**20.8**	**7.9**	**21.5**	**1.2**	**4.1**	**44.1**	**55.9**
Ioml. m.l. aois (líon)	**110**	**78**	**179**	**172**	**65**	**177**	**10**	**34**	**364**	**461**

Tábla 5: ICT skills of participants by age and gender

	Faoi bhun 25		26-44		45-64		65+		Iomlán m.l. inscne	
%	**F**	**B**	**F**	**B**	**F**	**B**	**F**	**B**	**F**	**B**
Gan scil. TFC	7.2	3.4	4.4	5.6	1.8	5.5	0.3	2.3	13.7	16.9
Bunúsach	3.0	2.4	7.6	14.1	3.0	8.	1.0	1.6	14.5	26.5
Inniúil	1.6	2.6	7.0	10.3	2.1	4.7	0.0	0.1	10.7	17.7
Ioml. m.l. aois (%)	**11.8**	**8.4**	**18.9**	**30.1**	**6.9**	**18.5**	**1.3**	**4.0**	**38.9**	**61.1**
Ioml. m.l. aois (líon)	**111**	**79**	**178**	**283**	**65**	**174**	**12**	**38**	**366**	**574**

Ballríocht i ngrúpa mionlaigh

Tugann Tábla 6 mionsonraí faoi stádas grúpa mionlaigh na rannpháirtithe a thuairiscigh faoin teideal seo. Is é an grúpa mionlaigh is mó atá léirithe ná daoine le stádas teifigh nó le cead fanachta, is é sin 15.3% (n=150). Is daoine faoi mhíchumas iad 15% (n=145) a bheag nó a mhór de na rannpháirtithe. Tá míchumas fisiciúil ar an gcuid is mó díobh seo (54.4%, n=79).

Tábla 6: Próifíl Rannpháirtí de réir Ghrúpa Mhionlaigh agus Inscne

Grúpa mionlaigh	Líon na bhfear	% d'fhir	Líon na mban	% de mhná	Líon bailí rannpháirtithe	% de rannpháirtithe bailí ar fad
Míchumas coirp	36	3.7	43	4.4	973	8.1
Míchumas meabhrach	8	0.8	8	0.8	973	1.6
Míchumas intleachta	17	1.7	12	1.2	973	3.0
Míchumas céadfaíoch	12	1.2	9	0.9	973	2.2
Andúileach drugaí faoi láthair	27	2.8	0	0.0	974	2.8
Andúileach drugaí roimhe seo	32	3.3	1	0.1	974	3.4
Iarchiontóir	72	7.4	0	0.0	977	7.4
Imirceach eacnamaíoch	2	0.2	3	0.3	980	0.5
Iarrthóir Tearmainn	2	0.2	6	0.6	980	0.8
Teifeach/Cead fanachta	81	8.3	69	7.0	980	15.3
Ball den lucht siúil	11	1.1	7	0.7	973	1.8
Roma	1	0.1	11	1.1	973	1.2
Grúpa mionlaigh eitneach eile	81	8.3	48	4.9	973	13.3

Críochnúchán na rannpháirtithe

Léiríonn na sonraí gur chuir 434 rannpháirtí deireadh lena rannpháirtíocht i gcúrsa, i gclár nó in idirghabháil eile a tháirgeann na tionscadail; ach, soláthraítear mionsonraí faoi chéatadán na n-idirghabhálacha a chríochnaigh rannpháirtithe i dtaobh 412 rannpháirtí (féach Tábla 7 thíos). Tuairiscíodh gur chríochnaigh céatadán go maith íseal de na rannpháirtithe seo (24.3%, n=100) 100% den idirghabháil a cuireadh ar fáil. As na rannpháirtithe baineanna chríochnaigh 27.2% (n=66) 100% den idirghabháil a cuireadh ar fáil, i gcomparáid le 20.1% (n=34) de rannpháirtithe fireanna a chríochnaigh an cúrsa oiliúna/staidéir iomlán.

Tábla 7: Céatadán na n-idirghabhálacha atá críochnaithe acu siúd a chuir deireadh lena rannpháirtíocht in idirghabháil

%	faoi bhun 20%	20-39%	40-59%	60-79%	80-99%	100%	Iomlán
Fir	5.8	5.8	5.1	8.0	8.0	8.3	**41.0**
Mná	6.3	10.4	4.4	11.7	10.2	16.0	**59.0**
Iomlán	**12.1**	**16.3**	**9.5**	**19.7**	**18.2**	**24.3**	**100**

As an 312 eile a chuir deireadh lena rannpháirtíocht roimh chríoch na hidirghabhála, tá sonraí ar an gcúis gur imigh said curtha le fáil i dtaobh 121 rannpháirtí. Maidir le beagnach leath (n=59) de na cásanna seo, d'imigh rannpháirtithe ar chúiseanna pearsanta nó toisc nach raibh siad in ann cloí leis an gcúrsa. Tugann Tábla 9 thíos liosta de chúiseanna a tuairiscíodh maidir le himeacht ón idirghabháil nó ón gclár.

Tábla 9: Cúiseanna a thug rannpháitithe le himeacht ó chúrsaí/chláir

Cúís le himeacht	Líon rannpháirtithe
Cúis phearsanta nó athrú ar chúinsí pearsanta	42
Ní féidir cloí leis an gcúrsa nó athchomhairle déanta	17
Bogtha chuig fostaíocht nó féinfhostaíocht	13
Droch-shláinte nó cúiseanna leighis	12
Cúrsa míoiriúnach	10
D'aistrigh chuig cúrsa/clár eile	5
Gan tuairisc nó níl eolas air	5
Athrú ar chúinsí oibre	4
Easpa cúraim do chleithiúnaithe	2
Cúiseanna eile	11

Cáilíochtaí a dámhadh

As an 434 rannpháirtí a chuir deireadh lena rannpháirtíocht in Equal, tá sonraí le fail faoi 91 díobh ar na cáilíochtaí atá bainte amach. Tá sonraí taifeadta maidir le teideal na dámhachtana agus maidir le leibhéal creidiúnaithe na dámhachtana laistigh de chreat náisiúnta na gcáilíochtaí. Tugann Tábla 10 mionsonraí ar líon na ndámhachtainí a baineadh amach agus leibhéal creidiúnaithe na ndámhachtainí sin.

Tábla 10 Cáilíochtaí a dámhadh ar rannpháirtithe

Leibhéal dámhachtana de réir Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí	Líon rannpháirtithe
Leibhéal 4	10
Leibhéal 5	11
Leibhéal 6	1
Leibhéal 7	1
Ní bhaineann	68
Iomlán	**91**

Caiteachas

Léiríonn na torthaí monatóireachta is déanaí caiteachas iomlán de €8.92m do 2006 (bliain iomlán) agus sholáthair CSE €5.92m nó 66.4% de sin. Déanann ciste meaitseála poiblí suas €2.33m nó 26.1% den chaiteachas iomlán agus déanann ciste meaitseála Príobháideach suas €0.67m nó 7.5% den chaiteachas iomlán.

Ba é an catagóir chostais is airde san 22 tionscadal ná Riarachán ag €3.35m nó 37.6% den chaiteachas Iomlán (laghdú ó 42.8% an am na tuairisce deireanaí) ach tá an céatadán seo ag laghdú i gcónaí de réir mar atá tionscadail ag chun a bheith gafa ar shlí níos iomláine i réimsí lárnacha ghníomhaíochta eile ar nós oiliúna, costais rannpháirtí, cúrsaí trasnáisiúnta chomh maith le príomhshruthú/forleathadh –

Tá an caiteachas is airde fós le feiceáil i gColún na Infhostaitheachta ag € 3.45m (9 tionscadal) ach níl Inoiriúnaitheacht i bhfad ina dhiaidh ag €3.33m (6 thionscadal). Chomh maith leis sin tá an caiteachas is ísle fós sa cholún Lucht Iarrtha Tearmainn (€0.41m – 2 thionscadal). Is é an caiteachas iomlán ar an meán do gach tionscadal i mBabhta 2 do 2006 ná €405,429 (CSE – € 269,343).

Lean an NSS ar aghaidh ag obair go dlúth as láimh a chéile le tionscadail chun tuilleadh acmhainní i gcomhair caiteachais a aithint. Sna cásanna a aithníodh acmhainní den sórt sin agus inar chuir tionscadail iarratais i scríbhinn isteach, agus gur thacaigh an NSS leo, tá leithdháiltí breise áirithe ceadaithe ag an Údarás Bainistíochta, nó tá an t-Údarás Bainistíochta ar tí iad a cheadú. Is é an leithdháileadh iomlán atá ceadaithe ag CSE i gcomhair an 22 tionscadal de Bhabhta 2 faoi láthair ná €17,108876 agus roinntear é seo i leithdháiltí bliantúla mar seo a leanas:

2005	€3,921,388
2006	€6,791,823
2007	€6,395,665

Tá an t-Údarás Bainistíochta agus an NSS ag leanúint ar aghaidh ag monatóireacht tionscadal go géar agus ag obair le tionscadail chun a leithdháiltí ón CSE a bhainistiú, agus déanfaidh siad iarracht saincheisteanna sa réimse seo a aithint ar na dátaí is luaithe is féidir, ar eagla go dtiocfadh aon cheisteanna chun solais.

2.3 Gníomhaíochtaí á bPríomhshruthú ag leibhéal Cláir

Bhí dhá chruinniú ag an nGrúpa um Pholasaí Príomhshruthaithe (MPG) i rith 2006 agus fócas speisialta acu ar iarratas EQUAL a fhorbairt i gcomhthéacs an chéad bhabhta eile cistiúcháin ón CSE ag leibhéal náisiúnta.

Dá bharr sin cruthaíodh fo-ghrúpa den Grúpa um Pholasaí Príomhshruthaithe d'fhonn sampla d' iarratas a léiríonn go garbh cad atá beartaithe. Rinne an t-Údarás Comhionannais cathaoirleacht ar an bhfo-ghrúpa agus bhí baint ag eagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta, gníomhaireachtaí stáit agus an "NSS" leis chomh maith.

Chuir an fo-ghrúpa togra isteach. Is é 'Beart chun Feabhas a chur ar Meicníochtaí Seachadta do Chláracha an Mhargadh Fostaíochta' an ainm atá air. Is é an sprioc atá ag an togra ná feabhas a chur ar na meicníochtaí seachadta do chláracha an mhargadh fostaíochta do ghrúpaí a bhíonn faoi bhrú de dheasca éagothroime sa mhargadh fostaíochta agus is é an chuspóir atá aige ná creat do mheicníochtaí sheachdta fónta a fhorbairt sa chomhthéacs sin.

Cuireadh an páipéar faoi bhráid an Údarás Bainistíochta um CSE in Éirinn agus táthar ag breathnú ar fhéideartheacht go gcuirfí an togra seo san áireamh i gcomhthéacs na céad tréimhse clárúcháin eile.

Mar aon leis na bunphrionsabail eile de EQUAL, thug an "NSS" tacaíocht leanúnach do Chomhpháirtíochtaí Forbartha Bhabhta 2 i rith 2006 maidir le forbairt straitéisí príomhshruthaithe mar chuid den gníomhaíocht a bhí leagtha amach acu roimh ré. Bhí béim láidir ar an ngaol idir phríomhshruthú agus prionsabail eile an chláir, mar aon le cabhrú le tionscadail ceisteanna a bhaineann le polasaí agus cleachtas reatha a léiriú ina gcuid gníomhaíochta agus í a nascadh leo, chomh maith le cabhrú leo teagmháil a chur ar bun le eagraíochtaí ábhartha ina thaobh seo ag an am céanna.

Iarradh ar thionscadail cur chuige loighciúil a bheadh bunaithe ar chreat a fhorbairt maidir lena gcuid pleanála i dtaobh príomhshruthaithe. Sa mhéid seo cuireadh an fócas ar thorthaí tionscadal, a n-aschur agus a n-iarmhairtí a aithint agus a dhifreáil.

Tá "grúpaí príomhshruthaithe náisiúnta" bunaithe ag roinnt tionscadail i mBabhta 2. Sna grúpaí seo tá bunphearsanra in eagraíochtaí ábhartha a dhéanann léirmheas leanúnach ar an obair atá á forbairt ag tionscadail ó "pheirspictíocht phríomhshruthach". Ar

shamplaí de seo áirítear na tionscadail “You’re Equal” agus “Equal Youth”.

D’fhorbair an “NSS” uirlis Mhaitríse Phríomhshruthach d’fhonn cúnamh a thabhairt do thionscnóirí tionscadail tosaíochtaí a aithint maidir le cuspóirí príomhshruthaithe agus tá oifigigh thionscadail ag obair le tionscadail aonair chuige seo.

2.4 Prionsabail EQUAL

Comhpháirtíocht

Maidir le comhpháirtíocht atá ag obair a fhorbairt agus a chomhdhlúthú laistigh de Chomhpháirtíochtaí Forbartha, tugadh comhairle agus tacaíocht ar leith maidir leis na réimsí seo a leanas:

- Comhpháirtithe ábhartha a aithint agus dul i dteagmháil leo
- Struchtúr eagraíochtúil na comhpháirtíochta a fhorbairt, maraon le struchtúir déanta cinnidh agus bainistíochta, chomh maith le rólanna agus freagrachtaí na gcomhpháirtithe;
- Tiomantas na gcomhpháirtithe a neartú maidir le príomhshruthú.

I meastóireachtaí ar thionscadail EQUAL i mBabhta 1, aithníodh an cur chuige comhpháirtíoch go seasta mar fhachtóir tábhachtach chun torthaí rathúla a bhaint amach nuair a bhíonn freagraí do chúrsaí a bhaineann le idirdhealú agus le éagothroime sa mhargadh fostaíochta á dtástáil. Mar sin féin, in ainneoinn meastóireachtaí a bheith déanta ag leibhéal tionscadail, leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Choimisiúin, níl sé soiléir cé acu an bhfuil nó nach bhfuil rud éigin speisialta a bhaineann leis an gcomhdhéanamh, an struchtúr agus le hoibriú nó le cleachtas na comhpháirtíochta in EQUAL a chabhraíonn chun na torthaí sin a bhaint amach. Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo, tá an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) ag cur staidéar ar chomhpháirtíocht in EQUAL i gcrích.

Tá tuairisc eatramhach curtha le chéile ina léirítear na ceisteanna a tháinig chun cinn mar thoradh ar cheistiúchán tosaigh a eisíodh do thionscadail EQUAL Bhabhta 2. Is féidir í a íoslódáil ag www.equal-ci.ie/news.

Go hachomair, ba iad cuid de na príomhcheisteanna ar leagadh béim orthu ná

- An tábhacht a bhaineann le tiomantas comhchoiteann na gComhpháirtíochtaí Forbartha, le tiomantas ag leibhéal na heagraíochta, agus le ainmniú nó

ceapachán bunphearsanra chun oibriú éifeachtach na comhpháirtíochta a chinntiú;
• An tábhacht a bhaineann le dóthain acmhainní a chur ar fáil don gcomhpháirtíocht: buiséad i leith cuspóra sainithe a bheith ar fáil; cumas na gcomhpháirtithe chun obair i gcomhar lena chéile i slí chomhtháite a fhorbairt go héifeachtach; agus an gá atá le céim thiomnaithe i gcomhair pleanála agus forbartha ag an tosach.
• Leag freagróirí béim ar an slí go n-éilíonn EQUAL cur chuige straitéiseach agus go dtacaíonn sé leis. Difríocht shuntasach é seo, dar leo, idir oibriú comhpháirtíochta in Equal i gcomparáid le socraithe comhpháirtíochta a ndeachthas ann roimhe seo.

Déanfar níos mó taighde ar na cúrsaí ar leagadh béim orthu sa tuairisc eatramhach in agallaimh aonair / staidéir cháis le líon beag comhpháirtíochtaí. Beidh tuairisc iomlán ar na torthaí le fáil i Meán Fómhair 2007.

Cumasú

Is mian le EQUAL CIP in Éirinn cur chuige “éascaithe” i leith cumasaithe a úsáid, nach gcuireann na grúpaí a bhfuil cúnamh dírithe orthu amháin san áireamh ach ina theannta sin na comhpháirtithe agus na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le Comhpháirtíochtaí Forbartha. Sa chaoi sin, is féidir a fheiceáil go bhfuil ceangal dílis idir chumasú agus bunphrionsabail eile, agus is iad comhpháirtíocht agus nuálaíocht na cinn is tábhachtaí díobh siúd. Sa chomhthéacs seo bhí páirt fhíorthábhachtach ag bunú na bprionsabal cumasaithe sa phróiseas chun comhphairtíocht a neartú i nGníomh 1. Cuireadh comhairle ar na Comhpháirtíochtaí Forbartha i dtaobh cód iompair a fhorbairt ina mbeadh cumasú mar phrionsabal i socraithe déanta cinnidh agus roinnte cumhachta laistigh de na Comhpháirtíochtaí Forbartha. Iarradh ar na Comhpháirtíochtaí Forbartha chomh maith, mionsonraí a thabhairt sna hábhair a bhí acu chun gníomh a phleanáil ar na meicníochtaí agus na hacmhainní a bheadh á n-úsáid acu chun tacú le cumasú. I rith Ghnímh 1, rinne an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta athbhreithniú ar na Comhphairtíochtaí Forbartha agus thug sé aiseolas dóibh mar gheall ar an tslí a bhí siad ag déileáil leis an gceist seo, trí chuairteanna ar shuíomh agus teagmháil ríomhphoist agus ghutháin.

Trasnáisiúntacht

Ceapadh comhordaitheoir trasnáisiúnta dílis laistigh d’fhoireann an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) chun tacaíocht a thabhairt do Chomhpháirtíochtaí Forbartha Babhta 2 agus iad i mbun comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta a aithint agus a chur chun cinn. Bhí baint ag an gcomhordaitheoir trasnáisiúnta ag leibhéal Eorpach leis an ngrúpa comhordaithe trasnáisiúnta a cuireadh ar bun chun an próiseas a bhainistiú i rith Gnímh 1 agus ina dhiaidh.

Áiríodh na pointí seo a leanas ar shainghníomhaíocht maidir leis an bprionsabal seo:

- Ionchur RIFE, aistriúchán agus nuashonrú leis an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS)
- Léiriú ar Thrasnáisiúntacht ag Ócáid Ionduchtúcháin 2005;
- Tacaíocht leanúnach trí ríomhphost agus guthán do thionscadail;
- Teagmháil le comhordaitheoirí Trasnáisiúnta i mballstáit eile;
- Nuachtlitir idirlín EQUAL dírithe ar Thrasnáisiúntacht;
- Athbhreithniú ar TCAanna a bhí molta agus iad a bhailíochtú.

Nuálaíocht

Dhírigh an phróiseas measúnaithe agus roghnaithe i gcomhair Babhta 2 den gclár ar an tslí inar fhreagair iarrthóirí do bhunphrionsabail EQUAL. Toisc gur thaispeáin na tionscadail a roghnaíodh do Bhabhta 2 leibhéal nuálaíochta laistigh de na hiarratais tionscadail, ba é ról an Struchtúir Tacaíochta Náisiúnta (NSS) sa mhéid seo ná tacú le Comhpháirtíochtaí Forbartha agus uaireanta dúshlán a chur fúthu maidir leis an tuiscint a bhí acu ar nuálaíocht agus ar an tslí ina raibh nuálaíocht á léiriú sa ghníomhaíocht a bhí molta acu. Sholáthair an Coiste Roghnaithe EQUAL aiseolas do thionscadail mar chuid de theagmháil leanúnach an Struchtúir Tacaíochta Náisiúnta (NSS) le Comhpháirtíochtaí Forbartha agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar a gcuid ábhair phleanála gnímh. Bhí obair an athbhreithnithe dírithe ar na réimsí seo a leanas:

- Nuálaíocht maidir le riachtanais an(na) spriocghrúpa(í);
- Maidir le cleachtas reatha;
- Maidir le polasaí reatha.

Sa chomhthéacs seo, leagadh béim ar leith ar athbhreithniú agus soláthar aiseolais do thionscadail faoi straitéisí príomhshruthaithe nithiúla a fhorbairt mar chuid dá bplean gnímh.

Comhionannas Inscne

Bhí sé de dhualgas ar gach tionscadal Babhta 2 aghaidh a thabhairt ar phríomhshruthú inscne ina bPleananna Gnímh agus ina gComhaontaithe faoi Chomhpháirtíochtaí Forbartha. Iarradh ar Chomhpháirtíochtaí Forbartha (DPanna) na bacainní rochtana agus rannpháirtíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr inscne, míchumais, aoise agus aitheantóirí eile a aithint. Tar éis iad seo a aithint, iarradh ar Chomhpháirtíochtaí Forbartha (DPanna) léiriú go cruinn cad a dhéanfaidís chun bacainní den sórt sin a shárú agus chun na modhanna sáraithe sin a sholáthair. Aithníodh cúrsaí ar nós cúram linbh agus iompar maidir le príomhshruthú inscne agus chuir tionscnóirí tionscadail iarratais isteach i gcomhair buiséid chun na bacainní sin a shárú. Tá Éire ar cheann de 7 Ballstát atá ag glacadh páirt i gComhphobal um Cleachtas maidir le

Príomhshruthú Inscne. Is í sprioc an Chomhphobail um Chleachtas (CoP) ná feidhmiú Príomhshruthaithe Inscne a chur chun cinn chun rialachas maith i gcláracha CSE sna Ballstáit go léir a chothú.

2.5 Coinníollacha maidir le cur i ngníomh agus deacrachtaí lenar teagmhaíodh

Níor thángthas ar aon athruithe ná aon deacrachtaí dleathacha ná riaracháin i gcaitheamh 2006 agus níor tharla aon mhoilleanna nach raibh coinne leo agus an Clár á chur i ngníomh.

Aon Eolas Eile

Nuachtlitir ar líne

Foilsíodh trí eisiúint den Nuachtlitir idirlín EQUAL i rith 2006. Bhí fócas ag eisiúint an Earraigh 2006 den nuachtlitir ar Líonrú Téamach agus bhí ailt inti faoi ghníomhaíochtaí éagsúla na gceithre líonra mar aon le ailt aonair a bhí scríofa ag tionscadail. Dhírigh eisiúintí an Fhómhair agus an Gheimhridh ar nithe tábhachtacha a bhí bainte amach ag leibhéal tionscadail.

Comhchruinnithe an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS)

Sa Ríocht Aontaithe tá Údarás Bainistíochta amháin ach riartar maoiniú EQUAL go réigiúnach. Dá bharr sin, tá Struchtúir Tacaíochta Náisiúnta ar leith i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i dTuaisceart Éireann. Bíonn comhchruinnithe an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) ar siúl go rialta le dul chun cinn a phleanáil agus a leasú chun data, agus chun idéanna a roinnt. Ón tosach, tugadh cuireadh don Údarás Bainistíochta agus don Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) i bPoblacht na hÉireann páirt a ghlacadh sna cruinnithe nuair is féidir.

Bhí Comhchruinniú eile an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) ar siúl ar an 5ú Meán Fómhair 2006 agus, ar an ócáid seo bhíomar inár n-óstach air sa Stóras Guinness, Baile Átha Cliath. Bhí ionadaithe ó Údarás Bainistíochta agus Struchtúr Tacaíochta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe i láthair.

Cé gur fíor go bhfuil difríocht idir riaracháin EQUAL in Éirinn i gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe, agus gur fíor é sin i gcás a lán de na Balltáit, tá a lán ceisteanna i gcoiteann acu agus tháinig said sin chun cinn ar fud an chláir oibre. Mar chuid den na nuashonruithe gnáthaimh, pléadh na pointí seo a leanas:

1. Deacrachtaí ar teagmhaíodh leo agus an gá le N+2 a chomhlíonadh (cistí EQUAL bliantúla atá bunaithe ar chaiteachas Chláir go dtí seo a tharraingt anuas ó Choimisiún an AE).

2. Pleananna i gcomhair "Stór Deachleachtais". Tá sé seo curtha ar bun in Éirinn cheana féin mar Bhanc na nIdéanna.

3. Dréachtphleananna don Chlár Oibriúcháin don chéad babhta maoinithe eile ó CSE.

4. Pleananna chun béim a chur ar an rath go léir a bhí ag EQUAL agus an Clár ag teacht chun deiridh i 2007.

Forbairtí Téamacha Náisiúnta

Baineann an fhorbairt is tábhachtaí ina thaobh seo leis an líonra téamach um an Ionad Oibre Cuimsitheach: Ag cur Comhionannais agus Éagsúlachta san Ionad Oibre san áireamh.

I rith 2006, thug an líonra faoi cheacht léarscálaithe chun ceisteanna a bhí i gcoiteann acu a aithint agus, mar thoradh ar an gceacht seo, d'aontaigh an líonra chun a iarrachtaí a dhíriú ar na pointí seo a leanas:

1. Rudaí a foghlaimíodh ó chur i ngníomh éifeachtach an chur chuige nua i leith earcaíochta agus dul chun cinn a théann chun tairbhe do dhaoine a choinnítear amach ón ionad oibre go tipiciúil; agus
2. Rudaí a foghlaimíodh ó na próisis a úsáideadh chun teagmháil a chur ar bun idir na tionscadail agus na fostóirí chun a chinntiú go ndéanfaidh siad infheistíocht iontu.

Tá glaoch ar thairiscintí curtha amach ag an líonra chun chomhairleoir a fhostú a thabharfaidh cúnamh le bailiú ábhair oiriúnaigh don bhfoilseachán. Tá sé i gceist go mbeidh an foilseachán agus an DVD a ghabhann leis ar fáil i mí an Mheithimh 2007 d'fhonn an bhaint leanúnach atá ag an líonra lena spriocghrúpa príomhshruthach a chothú, spriocghrúpa lena n-áirítear an Grúpa um Fheidhmiú Ardleibhéil na Straitéise Náisiúnta um Ionad Oibre, Seirbhísí do Ghnó de chuid FÁS agus eagraíochtaí fostóirí agus fostaithe.

Forbairtí Téamacha Eorpacha

I rith 2006, sheol an Coimisiún glaoch teoranta ar thograí i gcomhair bunú ardán cumarsáide agus foghlama um cheachtanna faoi phríomhshruthú a bhí foghlamtha ó EQUAL agus thug sé cuireadh do na Ballstáit iarratais ar mhaoiniú a chur isteach d'fhonn "*eispéaras agus torthaí a roinnt….agus na torthaí a aistriú*

go polasaí agus cleachtas". Bhí cúig shaghas "ardán" difriúil faoi chaibidil mar seo a leanas:

- Ócáidí malartaithe;
- Athbhreithnithe comhpháirtí;
- Seimineáir foghlama;
- Líonraí / Pobail chleachtais; agus
- Fóraim pholasaí.

Bhí baint ag Éirinn le hiarratais ar dhá ardán den sórt sin (ag stiúradh an Phobail Cleachtais um Bhainistíocht Chláir d'ardchaighdeán agus ag glacadh páirt sa Phobal Cleachtais ar Phríomhshruthú Inscne).

3. CUR I NGNÍOMH Ó THAOBH AIRGEADAIS DE AGUS SONRAÍ

3.1 Maoiniú a fuarthas agus a fógraíodh

Tar éis deimhniú ó Údarás Íocaíochta CSE, éilíodh íocaíocht iomlán de €5,734,925 as CSE ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2006[5]. Chuimsigh an t-éileamh an méid seo a leanas:

- 2004 Gníomh 2 agus 3 Éileamh deireanach (Babhta 1)
- 2005 Gníomh 2 agus 3 Éileamh deireanach (Babhta 1)
- 2005 Éileamh deireanach (Babhta 2)
- 2005 Caiteachas ar Chúnamh Teicniúil
- 2006 Éileamh deireanach (Babhta 2)

Níor cuireadh aon éilimh eile mar éileamh a dheimhnigh Údarás na nÍocaíochtaí, isteach chuig an gCoimisiún i rith 2006.

Sa Tábla seo thíos tugtar mionsonrú ar an gCaiteachas Iomlán ó CSE a fógraíodh i 2006 de réir Colúin (Tosaíochta):

Colún (Tosaíocht)	**Caiteachas CSE Iomlán a fógraíodh i 2006**
Infhostaitheacht	2,165,982.17
Fiontraíocht	490,415.69
Inoiriúnaitheacht (E)	1,330,717.45
Inoiriúnaitheacht (F)	225,190.47
Comhdheiseanna	1,069,999.28
Iarrthóirí Tearmainn	111,056.63
Cúnamh Teicniúil	341,563.46
Foriomlán	**5,734,925.15**

[5] Fuair an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an t-éileamh i mí na Nollag 2006

Tugann an Tábla thíos mionsonraí faoi chaiteachas carnach deimhnithe agus fógartha iarbhír as CSE ó thosach an Chláir agus áirítear éilimh Chomhpháirtíochtaí Forbartha eatramhacha do 2006 ann de réir Cholúin (Tosaíochta).

Colún (Tosaíocht)	**Caiteachas Carnach fógartha as CSE go deireadh 2006**
Infhostaitheacht	8,499,736.27
Fiontraíocht	1,954,245.10
Inoiriúnaitheacht (E)	4,499,103.45
Inoiriúnaitheacht (F)	225,190.47
Comhdheiseanna	2,598,425.80
Iarrthóirí Tearmainn	865,582.92
Cúnamh Teicniúil	1,429,269.23
Foriomlán	**20,071,553.24**

Tá sliocht ó Chóras na n-Éileamh "SFC"(atá á oibriú tríd an Roinn Airgeadais) ar fáil in **Aguisín 3.** Is ann a thugtar mionsonraí faoi chaiteachas iomlán incháilithe a a íocadh iarbhír agus a bhfuil deimhnithe laistigh den bhliain 2006 (CSE agus cistí meaitseála).

3.2 Pátrún caiteachais de réir Colúin agus Gnímh

Babhta 2
Ba é caiteachas iomlán (CSE agus cistí meaitseála) na gComhpháirtíochtaí Forbartha EQUAL idir 1ú Eanair agus 31ú Nollag 2006 ná E8,919,432.68[6].

Bhí na céatadáin chaiteachais de réir cholúin i 2006 mar seo a leanas:

- Infhostaitheacht (9 dtionscadal) 39%
- Fiontraíocht (3 tionscadal) 10%
- Inoiriúnaitheacht (6 tionscadal) 37%
- Comhdheiseanna (2 tionscadal) 9%
- Iarrthóirí Tearmainn (2 tionscadal) 5%

[6] Tá na figiúirí seo sealadach agus tá siad bunaithe ar na torthaí monatóireachta, atá fós gan iniúchadh.

Tá breac-chuntas ar leathadh céatadán na gcostas thar príomhtheidil buiséid sa tréimhse 1ú Eanáir go 31ú Nollaig thíos:

Babhta 2
Costais de réir an saghas caiteachais, 2006

		% den iomlán
Costais teagascóirí:	€1,659,652.90	18.60
Costais rannpháirtithe:	€1,163,795.68	13.00
Riarachán :	€3,349,818.58	37.60
Forchostais obriúcháin:	€ 885,999.97	9.90
Trasnáisiúnta:	€ 585,258.23	6.60
Eile:	€ 402,204.86	4.50
Príomhshruthú	€ 872,702.46	9.80
IOMLÁN	**€ 8,919,432.68**	**100.00**

3.2 Comparáid idir forghníomhú airgeadais éifeachtach agus réamhaisnéisí airgeadais (N+2)

Tugadh cuntas gairid ar shonraí Plean Airgeadais EQUAL ar fud na mBallstát ar fad don tréimhse 2000 go 2006. Mar sin féin, níor tosnaíodh ar an gClár go dtí 15ú Samhna 2001 ar fud na mBallstát ar fad nuair a tugadh isteach céim ghearr (6 mhí) forbartha – Gníomh 1. Críochnaíodh an chéim seo ar an 15ú Bealtaine 2002 nuair a tosaíodh ar ghníomhaíocht an tionscadail i gceart (Gníomh 2). Dá bharr sin, tá mífheidhmiú ann faoi láthair idir na peirspeictíochtaí airgeadais bunaidh agus an fíorstaid maidir le gníomhaíocht agus caiteachas an Chláir.

3.3 An Riail N+ 2

Tá riachtanais N+2 maidir le 2006 comhlíonta ag an éileamh is déanaí a chuir Éire isteach

3.4 Catagóiriú caighdeánach

Léiríonn **AGUISÍN 4** catagóiriú caighdeánach na réimsí idirghabhála ag leibhéal gach birt (iarscríbhinn IV.3 de rialúchán Uimh. 438/2001).

4 CAIGHDEÁN AGUS ÉIFEACHTACHT AN CHUIR I nGNÍOMH

De réir Mhír 37(2)(d) de Rialúchán 1260/1999, tá sé riachtanach go mbíonn na céimeanna a thógann an t-Údarás Bainistíochta agus an Coiste Monatóireachta chun cáilíocht agus éifeachtacht an chuir i ngníomh a chinntiú ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil um Chur i nGníomh.

4.1 Bearta a rinneadh maidir le monatóireacht, rialú agus meastóireacht

Leanadh ar aghaidh le cuairteanna chuig tionscadail de réir Rialúcháin AE 438/2001 – monatóireacht ar shuíomh/réamhscrúduithe rialaithe. Ar an 22ú Márta tá dhá chuairt an cheann ar a laghad faighte ag tionscadail Bhabhta 2 ar fad (ach amháin tionscadal amháin atá ag feitheamh ar an dara chuairt). Aithníodh go raibh deacrachtaí ar leith ag trí thionscadal agus anois tá siad siúd tar éis comhchuairteanna leantacha de réir Ailt 4 a fháil ón Údarás Bainistíochta/Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS). Tháinig ceisteanna eile chun cinn ina ndiaidh ach tá iad seo á scaoileadh nó tar éis a bheith scaoilte cheana féin.

Lean an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta ar aghaidh ag obair as láimh a chéile le tionscadail chun cumais caiteachais breise a aithint. Sna cásanna a aithníodh cumais den sórt sin agus a chuir tionscadail iarratais i scríbhinn isteach, a fuair tacaíocht ón NSS, tá leithdháiltí breise áirithe ceadaithe ag an Údarás Bainistíochta nó tá an t-Údarás Bainistíochta ar tí iad a cheadú. Is é an leithdháileadh iomlán atá ceadaithe ag an CSE don 22 thionscadail i mBabhta 2 faoi láthair ná €17,108,876, agus roinntear é seo i leithdháiltí bliantúla mar seo a leanas:

2005	€3,921,388
2006	€ 6,791,823
2007	€ 6,395,665

Tá an t-Údarás Bainistíochta agus an NSS ag leanúint ar aghaidh ag monatóireacht tionscadal go géar agus ag obair le tionscadail chun a leithdháiltí ón CSE a bhainistiú, agus déanfaidh siad iarracht saincheisteanna sa réimse seo a aithint ar na dátaí is luaithe is féidir, más rud é go mbeidh aon cheisteanna ann.

4.1.1 Bailiú Sonraí agus Monatóireacht

Tháinig feabhas suntasach ar a gcáilíocht agus chomh tráthúil is a bhí Torthaí Monatóireachta na gComhpháirtíochtaí Forbartha (DPanna) i 2006. Ní raibh aon cheisteanna ar leith agus tá aire dírithe faoi láthair ar dúnadh tapaidh a chinntiú do 2007.

Is é an t-Údarás Bainistíochta cuid den gcomhchóras leictreonach um bhailiúchán sonraíochta a bhunaigh an Coimisiún amháin chun an Tionscnamh EQUAL ainmnithe “Bunachar Sonraí Coiteann EQUAL” (ECDB) a bhainistiú. Éascaíonn an córas seo obair thrasnáisiúnta na tionscadal, ceadaíonn sé comheagar na gcláracha ag an leibhéal Eorpach agus cabhraíonn sé le monatóireacht agus meastóireacht.

Is é an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta i gcomhcheangal leis an Údarás Bainistíochta don gcuid is mó a chuireann an bailiúchán sonraí i gcrích. Bailíonn an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) na sonraí fisiciúla ó na Comhpháirtíochtaí Forbartha (DPanna) agus cuireann sé an sonraíocht a bhaineann leo” mar aon leis an méid a bhíonn bailithe ag leibhéal an chláir isteach sa “Bhunachar Sonraí Coiteann EQUAL”.

4.1.2 Bainistíocht Cáilíochta

Lean an t-Údarás Bainistíochta agus an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) lena gcomhchruinnithe rialta i 2006. Bíonn na cruinnithe seo dírithe ar chúrsaí straitéiseacha agus pleanála mar aon le cúrsaí a thagann chun cinn maidir le tionscadail aonair, ina n-áirítear ceisteanna a bhaineann le ciste meaitseála, torthaí déanacha, neamhchomhlíonadh agus íocaíochtaí.

Ullmhaíonn an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) billeog do gach cruinniú, a thaispeánann staid gach tionscadail maidir le céimeanna tábhachtacha an chláir. Is é an pháirt a bhíonn ag an Údarás Bainistíochta ná an t-eolas is deireanaí faoi ghealltanais agus sceidil íocaíochta a chur ar fáil de réir mar a bhíonn gá leo. Tugann na sceidil seo cuid de na mionsonraí don Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) a bhíonn riachtanach chun ullmhachta don chéad íocaíocht eile a dhearbhú maidir le gach tionscadal. Tugann na cruinnithe bainistíochta an deis don Oifigeach Acmhainní Airgeadais an t-eolas is deireanaí a thabhairt go foirmiúil do gach duine lena mbaineann, maidir le cúrsaí a thagann chun cinn ag cuairteanna Ailt 4.

Leanann an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar dhul chun cinn agus tuairiscíonn air, de réir an chórais ainmnithe a bunaíodh do EQUAL agus atá cosúil leis an cur chuige “PCM”. Tugtar tacaíocht do thionscadail ag leibhéil éagsúla ina n-áirítear: bainistíocht airgeadais; cruthú chomhpháirtíochtaí; teagmháil thrasnáisiúnta; forleathadh; cumarsáid idir thionscadail agus líonrú téamach; príomhshruthú agus feidhmiúchán pholasaí. Cuirtear feidhm na tacaíochta i gcrích trí fhoireann tacaíochta dhílis a chuimsíonn cuntasóireacht, measúnú, taighde, polasaí sóisialta agus scileanna agus cumais eile. Is é an cur chuige bunúsach ná socruithe airgeadais agus riaracháin a shimpliú agus ag an am céanna chun cur chuige láidir a chinntiú d’fhonn pleananna gnímh a dhéanamh agus príomhshruthú straitéiseach mar aon le cuspóirí eile a éascú. Tá ráitis an

dhearfacha faighte faoin gcaighdeán agus faoin gcineál tacaíochta a cuireadh ar fail, ó mheasúnuithe ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal an AE a chuir suirbhéanna ar thionscadail san áireamh.

4.1.3 Coiste Monatóireachta

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Monatóireachta i gcaitheamh 2006. Thug an Coiste Monatóireachta aghaidh go bunúsach ar na hábhair seo a leanas:

- Tuarascáil ar Dhul chun cinn Airgeadais agus Gníomhaíochta
- Forbairtí Babhta 2 EQUAL
- Gníomhaíochtaí príomhshruthaithe ag leibhéil Náisiúnta/Eorpach
- Nuashonrú faoi Mheastóireacht ar EQUAL
- Forbairtí Thuaidh/Theas
- Athbhreithniú ar Nós Imeachta Scríofa

Le linn cruinnithe an Choiste Monatóireachta i Samhain 2006 rinneadh an cinneadh maoiniú a aistriú idir roinnt cholúin de réir gannchaiteachais a bhí réamh-mheasta ag an am.

4.1.4 Meastóireacht

De réir Rialú an Chiste Struchtúrtha Ghinearálta (AE) uimh. 1260/1999, Alt 34 agus 42, tá na Ballstáit, i gcomhcheangal leis an gCoimisiún, freagrach as an Meastóireacht Leath-Théarmach a eagrú, agus as nuashonrú na Meastóireachta Leath-Théarmach do na Cláracha Oibriúcháin agus do na Tionscnaimh Phobail, agus freagrach as na meastóireachtaí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh roimh dheireadh 2003 agus 2005 faoi seach. Ina theannta sin, rinne na Cinn Misin EQUAL cinneadh go mba chóir dhá Thuarascáil mheastóireachta Eatramhacha a chur le chéile, an chéad cheann i 2002 agus an dara ceann i 2004. Chun an próiseas seo a bhainistiú cuireadh Coiste Stiúrtha teicniúil um Mheastóireacht ar bun.

Ar chúiseanna praiticiúla agus mar thoradh ar an amscála gearr idir an Tuarascáil Mheastóireachta Leath-théarmach a dhéanamh suas (deireadh-2003) agus nuashonrú na Tuarascála sin (deireadh-Mheáin Fhómhair 2005), rinne an t-Údarás Bainistíochta cinneadh gan bacaint leis an dara Tuarascáil Mheastóireachta Leath-théarmach a dhéanamh. Ina ionad, rinneadh socruithe ag druidim le deireadh 2004 chun ullmhú do phróiseas tairisceana nua maidir le Nuashonrú na Meastóireachta Leath-théarmaí.

D'fhéach an Coiste Stiúrtha um Mheastóireacht ar Nuashonrú na Tuarascála Leath-théarmaí i Meán Fómhair 2005. Cuireadh an dréacht deiridh ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach i Samhain 2005 agus foilsíodh é ó shin.

Léirigh an tuarascáil gur oibrigh an Clár EQUAL go héifeachtach le linn a shaolré go dtí seo. Leag sé béim ar an tslí inar fhreagair EQUAL do fhorbairtí i bpolasaí an mhargaidh náisiúnta agus do athruithe socheacnamaíocha in Éirinn. Sa chaoi seo cuireann EQUAL acmhainn ar fáil a fhéadann bheith tábhachtach ó thaobh idirghabhálacha nua a fhorbairt chun polasaí a threisiú agus a bhrú ar aghaidh.

Is é ceann de na moltaí sa Tuarascáil ná go mba chóir do lucht cuir i ngníomh an chláir machnamh a dhéanamh ar conas na rudaí a fhoghlaimítear an t-am ar fad ó EQUAL chomh maith le prionsabail EQUAL, a chomhshnaidhmeadh i struchtúr chláir aon tionscnaimh nua a bhaineann leis an margadh fostaíochta, go háirithe i gcomhthéacs an bhabhta nua de chistiú struchtúrtha. Cuireadh an moladh seo i gcrích ina dhiaidh sin i gcomhthéacs na n-ullmhúchán don tréimhse nua cláraithe, agus mar a rinneadh tagairt dó thuas, maidir leis an mbileog a rinneadh ar son an Ghrúpa um Pholasaí Phríomhshruthaithe.

4.1.5 Roinnt sonraí faoi ghnéithe agus torthaí na gComhpáirtíochtaí ag leibhéal an AE

Tá an t-eolas go léir faoi Chomhpháirtíochtaí EQUAL in Éirinn sa Bhunachar Sonraí Coiteann EQUAL (ECDB) cothrom le dáta.

Ina theannta sin, chuir Éire eolas ar fáil le haghaidh forbairt bhunachair EQUAL an Choimisiúin Eorpaigh. Tá nasc ag suíomh an Choimisiúin chomh maith leis an mBanc Idéanna, is é sin, an stór idirlín Éireannach de tháirge ó EQUAL.

Chuir Éire eolas ar fáil chomh maith chun cur le staidéar cáis ar phríomhshruthú in Éirinn mar chuid de sraith de chuid an Choimisiúin ar a dtugtar 'Súil ar Bhallstát'.

4.1.6 Financial Control arrangements

Leagann Rialú an Choimisiúin Uimh. 438/2001 amach socruithe mionsonraithe le haghaidh an leibhéil is ísle de rialú airgeadais ar fud an AE atá inghlactha do bhainistíocht Chiste Struchtúrtha, an CSE san áireamh, agus is cuid dhílis é de pholasaí an CSE ar bhainistíocht chinnte agus éifeachtach faoin mbliain 2000 (SEM 2000) a cuireadh i gcrích i 1997. Leagann Imlitir na Roinne Airgeadais 34/2001 amach nósanna imeachta i gcomhair bainistíochta agus rialú airgeadais a bhíonn riachtanach go ginearálta do na Cistí Struchtúrtha fad is a dhéanann Imlitir an Údarás Íocaíochta CSE "ESF/PA/1-2001 tagairt go sonrach do riachtanais maidir leis an gCiste Sóisialta Eorpach.

Leagann Imlitir "ESF/PA/1-2001" amach na nósanna imeachta i gcomhair bainistíochta agus rialú airgeadais don Chiste Sóisialta Eorpach (CSE) 2000 – 2006. Cuimsíonn sé seo nósanna imeachta deimhniúcháin agus fíorú caiteachais ag leibhéil bainistíochta éagsúla na "cascáide" 'sé sin le rá: Údarás Íocaíochta CSE, Údarás Bainistiú EQUAL, an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Forbartha ('siad sin tairbhithe deireanacha). Caithfear caiteachas a fhíorú ag gach leibhéal den gcascáid roimh cead a fháil dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile. Ní chuirfear ach caiteachas deimhnithe san áireamh san éileamh ar CSE ón gCoimisiún. Léiríonn **Aguisín 5** próiseas fíorúcháin agus deimhniúcháin na cascáide.

Ina thaobh seo, tá sé riachtanach go ndeimhníonn Comhpháirtíochtaí Forbartha leis an bhFOIRM B1 go bhfuil méid áirithe coinníollacha comhlíonta maidir le rialú airgeadais. Caithfear an Fhoirm a dheimhniú ag leibhéal Bainisteoir an Tionscadail agus caithfidh an Oifigeach Airgeadais ainmnithe í a chomhshíniú. Caithfear í a chur faoi bhráid an Struchtúir Tacaíochta Náisiúnta mar chuid den doiciméadacht Eatramhach agus den doiciméadacht Éilimh Dheiridh araon.

I gcomhthéacs na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe atá leagtha amach, is deimhin leis an Údarás Bainistíochta gur baineadh úsáid as na cistí de réir prionsabal cearta bainistíochta airgeadais.

Stiúraigh Aonaid an Rialú Airgeadais agus Iniúchta Inmheánaigh ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta iniúchadh lánchuardach EQUAL a thosaigh i 2005 agus a lean ar aghaidh isteach i 2006. Déantar cur síos ar chuid de na torthaí ón iniúchadh sin, ó pheirspictíocht thionscadail, i Mír 2.2 thíos.

Bhí na hiniúchóirí sásta leis an bpoiblíocht, leis an mbainistíocht cáipéisíochta, le bainistíocht éilimh, le Alt 4 agus gnéithe eile de na seirbhísí a thug Comhairleoirí Sóisialta agus Eacnamaíocha "WRC" a bhí ag gníomhú mar Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta (NSS) don gclár EQUAL.

Ba í an t-aon cheist a tháinig chun cinn ná ceist a bhaineann le slabhra ceannais agus gníomhaíocht dá bharr, de thoradh ar aimhrialtachtaí sna fógraí agus tuairiscí le linn d'fheidhmeanna monatóireachta agus feidhmeanna ó thaobh Ailt 4 a bheith á gcur i gcrích. Tá an cheist sin á plé ag an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta in éineacht leis an Údarás Bainistíochta.

Leanadh ar aghaidh le cuairteanna chuig tionscadail de réir Rialúcháin AE 438/2001 – monatóireacht ar shuíomh/scrúdaithe rialaithe tosaigh.

Tá córais bainistíochta airgeadais láidre ag formhór na dtionscadal i mBabhta 2 agus feictear go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar na cinn a raibh córais níos laige acu i dtosach. Tá mionlach beag de thionscadail nár éirigh leo a n-éileamh deiridh 2005 a chríochnú in am don riachtanas N+2 2006. Tá litreacha a thugann

soiléiriú faighte ag na tionscadail seo agus tá cuairteanna leantacha Ailt 4 á dtabhairt orthu.

4.2 Fadhbanna suntasacha ar casadh orthu

Cé gur tháinig roinnt ceisteanna chun cinn as Dúnadh Babhta 1 mar a léiríodh in Alt 1.3, ní raibh aon fhadhbanna móra ann le linn chuir i ngníomh an chláir.

4.3 Poiblíocht

Cuireadh in iúl do na Comhpháirtíochtaí Forbartha go léir go leanúnach go bhfuil gá ann de réir an Rialúcháin go mbaineann gach aoinne atá ag fáil airgid ón gCiste Sóisialta Eorpach úsáid as na rudaí seo a leanas ar cháipéisíocht ar fad (iarbhír agus/nó fíorúil) a dhéanann an Chomhpháirtíocht Forbartha:

- lógó oifigiúil an AE
- lógó EQUAL
- eochair eolais oifigiúil mar seo a leanas

"Ciste Sóisialta Eorpach: ag cabhrú le fostaíocht a fhorbairt trí infhostaitheacht, spiorad an ghnó agus comhdheiseanna a chothú agus trí infheistiú in acmhainní daonna."

Baineann na riachtanais seo leis na hábhair eile go léir a dhéanann siad, mar shampla, fógraí poist, plaiceanna le hainmneacha, bratacha/feathail agus CD-ROManna. Más rud é go bhfuil caiteachas a thabhú ag tionscadal maidir le fógraíocht, poiblíocht nó gníomhaíochtaí eile a bhaineann le forleathadh, agus nach gcomhlíonann sé na riachtanais seo, measfar an caiteachas sin neamh-incháilithe do thacaíocht ón gCiste Sóisialta Eorpach.

Láithreáin Ghréasáin EQUAL

Láithreán Oifigiúil EQUAL – www.equal-ci.ie
I rith 2006, cuireadh obair maidir le nuashonrú ábhair ar an láithreán oifigiúil EQUAL i gcrích. Ina thaobh seo rinneadh nuashonrú ar an leathanach baile agus ar na codanna den láithreán a bhaineann le ócáidí. Cuireadh eolas nua agus ábhartha leo, agus ina theannta sin, rinneadh nuashonrú ar an gcuid a bhaineann le próifílí tionscadal agus uaslódáladh foirmeacha éilimh leasaithe. Ar an leathanach baile leasaithe tá naisc le láithreán an chomóraidh 50 bliana agus leis na láithreáin a bhaineann le Bliain Eorpach um Chomhdheiseanna.

Anseo thíos taispeántar leibhéal úsáide an láithreáin EQUAL i gcaitheamh 2006:

Mí	Cuairteoirí uathúla	Líon na gcuairteanna	Leathanaigh	Amais
Ean 2006	1731	3657	11173	34674
Feabh 2006	1980	4502	12979	37819
Már 2006	2437	7391	16938	47319
Abr 2006	2269	4426	11919	39734
Beal 2006	2365	4501	10676	41357
Meith 2006	2460	4655	10833	33172
Iúl 2006	1933	4605	11275	32013
Lún 2006	2082	4535	12516	40427
MF 2006	2183	4591	10893	39501
DF 2006	2436	5178	12943	42993
Samh 2006	2699	5685	13800	46215
Noll 2006	2206	7146	13281	32350
Iomlán	26781	60872	149226	467574

Tugann na staitisticí atá ar fáil don láithreán EQUAL léiriú freisin ar na tíortha as a dtagann úsáideoirí a chuaigh isteach ann agus is féidir a aimsiú ón sonraíocht gur ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe, ón Ghearmáin, ón Pholainn agus ón Iodáil don líon úsáideoirí is mó. Ar na leathanaigh is mó ar tugadh cuairt orthu den láithreán áirítear na giotaí a bhaineann le nuacht agus le tionscadail.

Banc Idéanna – www.ideasbank-equal.info
Is cuid thábhachtach de fhorleathadh leanúnach an tionscnaimh EQUAL é an banc idéanna. Fuair an Banc Idéanna 29,538 iarratas ar íoslódáil ábhair ón láithreán idir Eanáir 2006 agus 12ú Márta 2007.

Tugann an liosta thíos miondealú ar na hiarratais míosúla ar cháipéisí (íoslódáileanna) idir Lúnasa 2006 agus Feabhra 2007:

Lún 2006: 1885
MF 2006: 1817
DF 2006: 3997
Samh 2006: 1913
Noll 2006: 2113
Ean 2007: 2611
Feabh 2007: 2166

Is fiú tabhairt faoi deara chomh maith gur bhain an méid is mó iarratas ar cháipéisíocht le táirgí a d'fhorbair Tionscadail EQUAL maidir le oibrithe

imirceacha, míchumas, fiontraíocht, cothromaíocht oibre is saol agus comhoibriú idirghníomhaireachta. Faoi dheireadh, chuaigh daoine indibhidiúla ó réimse leathan tíortha ar an láithreán ina n-áirítear amais ó: Éire (12,405); an Ríocht Aontaithe (3,256), an Ísiltír (2,695), an Ghréig (1,903); an Pholainn (948); an Astráil (749); an Fhrainc (635) agus an Iodáil (588).

5.1 agus 5.2 Céimeanna a tógadh chun comhoiriúnacht le polasaithe an Chomhphobail a chinntiú agus chun comhordú an chúnaimh struchtúrtha go léir sa Phobal a chinntiú

Léiríonn Tionscnamh an Phobail EQUAL gealltanas suntasach do choincheap an phríomhshruthaithe. Deireann na treoirlínte atá déanta amach ag an gCoimisiún Eorpach do na Ballstáit go mba chóir tionscnamh rathúil a fhorleathadh go fairsing chun an tionchar is mó is féidir a bheith aige ar pholasaí a bhaint amach. Ar an gcéad dul síos, chuimsigh an acmhainn phríomhshruthaithe a bheadh ag iarratais cuid suntasach den bpróiseas roghnaithe, go háirithe maidir leis an dealraitheacht go soláthródh na gníomhaíochtaí a bhí á moladh rudaí le foghlaim i gcomhthéacs na Straitéise Fostaíochta, agus go háirithe an méid atá i gcoiteann aici leis an gclár oibre níos leithne ar chomhionannas. Geallann an tionscnamh bheith dílis do fhorbairt straitéise phríomhshruthaithe freisin i gcomhar leis an Údarás Bainistíochta EQUAL i dTuaisceart Éireann agus le Fóras um Chláir Speisialta an AE.

Is cuid den bpróiseas seo an comhordú EQUAL le cúnamh struchtúrtha go léir sa Chomhphobal a chinntiú. Mar shampla, tá idirghaol láidir ann faoi láthair idir EQUAL agus an Clár Oibriúcháin um Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna ("EHRDOP") ar roinnt leibhéil mar seo a leanas:

- Is cuid den Roinn CSE a dhéanann bainistíocht ar an "EHRDOP" é an t-Údarás Bainistíochta EQUAL. Thairis sin is cuid de Roinn Forbartha an Lucht Oibre laistigh den Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta atá freagrach as an bPlean Gnímh Fostaíochta Náisiúnta ("NEAP") mar aon le comhordú Roinne an Phlean Ghnímh Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta ("NAPincl.") í an Roinn CSE sin. Dá bharr sin, d'fhéadfaí buntáistí a bhaint as an ngaireacht ó thaobh riaracháin agus bainistíochta de idir EQUAL agus an "EHRDOP" agus an "NEAP";
- Tá forluí suntasach idir bhallraíocht Coistí Monatóireachta "EHRDOP" agus "EQUAL";
- Tá forluí suntasach idir thionscnóirí thionscadal faoi EQUAL agus Soláthraithe faoin "EHRDOP" (m.sh. FÁS, Coistí Gairmoideachais) chomh maith le tionscnóirí tionscadal faoi EQUAL agus baill an Choiste Mhonatóireachta (m.sh. Comhpháirtithe Sóisialta).

Tá leibhéal foirmiúil eile ó thaobh chomhordaithe agus chomhlántachta idir EQUAL agus cláracha eile, go háirithe "Interreg 2", an Clár um Shíocháin agus "LEADER+". Baineann sé leis an ais Thuaidh/Theas, áit a mbíonn cruinniú ó am go ham ag grúpa stiúrtha Thuaidh/Theas faoi threorú an Fhórais um Chláir Speisialta an AE ("SEUPB").

Tá an t-Údarás Bainistíochta EQUAL ar an gCoiste Roghnaithe don gCiste Eorpach do Theifigh ("ERF") agus is ball den gCoiste Monatóireachta EQUAL é

oifigeach teagmhála ón Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a riarann an “ERF” in Éirinn.

Tá baint ag a lán de na Comhpháirtíochtaí Forbartha bunreachta (DP) le cláracha éagsúla eile, na Comhaontaithe Fostaíochta Críche agus “Leader” san áireamh, agus soláthraíonn sé sin leibhéal comhordaithe áitiúil. Tá sé de dhualgas ar na Comhaontaithe féin a gcuid gníomhaíochta a choinneáil laistigh de raon cheithre colún na Straitéise Fostaíochta Eorpaí.

Tá Comhlachtaí Comhpháirtithe Bunaithe sa Cheantar ag oibriú mar Chomhpháirtithe Ainmnithe i gcás líon shuntasaigh de “DPanna” agus tá an féidearthacht le haghaidh sinerigí á chinntiú acu le gnéithe d’ eisiamh sóisialta na gClár Réigiúnacha a fhaigheann tacaíocht ón bPlean Forbartha Náisiúnta . Ina theannta sin, tá baint ag Comhlachtaí “Leader”, Coistí Gairmoideachais agus Institiúidí tríú Leibhéil le méid áirithe comhordaithe agus teagmhála a thabhairt isteach in iarrachtaí AE agus náisiúnta eile.

Tá sé de dhualgas ar Chomhpháirtíochtaí Forbartha go léir a gcuid foinsí cistithe meaitseála ar fad a liostáil agus a aithint roimh cheadú, agus dearbhú nach bhfuil aon mhaoiniú dúbalta ag baint leo. Maidir leis seo, cuirtear comhairle ar bhainisteorí tionscadail trí Cheardlanna Airgeadais agus an Lámhleabhar do Pleanáil Thionscadail agus Oibriúcháin EQUAL. Chomh maith leis sin, déanann an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta in éineacht leis an Údarás Bainistíochta níos mó scrúdain faoi mhaoiniú dúbalta trí sheiceálacha córasacha de réir Ailt 4 a chur i gcrích. Tugann an t-Aonad Rialaithe Airgeadais CSE aird ar mhaoiniú dúbalta chomh mhaith, agus chuir sé iniúchadh 100% ar thionscadail EQUAL i bhfeidhm ar feadh 2005.

Baintear sineirge amach ar roinnt leibhéal. Ar an gcéad dul síos, cuimsíonn an Coiste Roghnaithe EQUAL, atá ina fho-chuid den Choiste Monatóireachta, leasanna éagsúla, mar shampla comhlachtaí ionadaíocha fostaíochta agus cheardchumainn, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit. Is í Nuálaíocht ceann de na bunchritéir sa phróiseas roghnaithe. Le linn dó measúnú a dhéanamh ar iarratais ar mhaoiniú, déanann an Struchtúr Tacaíochta Náisiúnta tagairt ar leith do bhreisluach agus do ghnéithe nuálacha moltaí, agus déanann baill den gCoiste Roghnaithe féin scrúdain níos doimhne ar na tagairtí agus na breathnuithe seo agus faigheann peirspictíocht eile orthu ina gcuid oibre. Sa chaoi sin, tugtar aird ar cheist na sineirge, dúblú a d’fhéadfadh a tharlú agus forluí ó roinnt taobhanna éagsúla. Cinntíonn obair leanúnach an Struchtúir Tacaíochta Náisiúnta agus obair na gCoistí Monatóireachta agus Príomhshruthaithe chomh maith go mbíonn tionscadail EQUAL dírithe ar nuálaíocht.

5.2.1 Cion Tairbhe i leith an Chláir Leasaithe Náisiúnta 2005-2008 (NRP)

De réir an CIP ba chóir go nglacfadh lucht déanta polasaí agus go háirithe na daoine atá freagrach as Pleananna Gnímh Náisiúnta páirt i gcineál éigin caidrimh faoi chúrsaí forbartha le EQUAL, a chinntíonn go mbíonn tionchar ag nuálaíocht ar pholasaithe náisiúnta.

Tá an Clár Leasaithe Náisiúnta 2005-2008 (NRP) dírithe ar:

- Leibhéil arda fostaíochta agus leibhéil ísle dífhostaíochta a choinneáil
- Dóthain soláthair saothair a chinntiú chun freastal ar riachtanais an gheilleagair
- Díriú go láidir ar oideachas agus oiliúint, ina n-áirítear foghlaim ar feadh an tsaoil, chun forbairt lucht oibre inoiriúnaitheach le hardscileanna a chinntiú.

I gcomhthéacs na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn an NRP 2006, tá EQUAL ar cheann de roinnt iarrachtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus eisiatacht maidir leis an margadh saothair. Tá gach seans ann go gcuirfidh an babhta reatha de thionscadail EQUAL le comhionannas inscne a chothú, le obair neamhfhógartha a aistriú i ngnáthfhostaíocht agus an lucht saothair a mhéadú agus aosú gníomhach a chothú.

Is féidir le EQUAL chomh maith cur le freagairt na hÉireann do dhá cheann de na moltaí ar leith a rinne an Coimisiún i gcomhthéacs na Tuarascála ar Dhul Chun Cinn an NRP 2006, is iad sin:

- An dul chun cinn a luathú ar mhéadú na rannpháirtíochta sa mhargadh oibre
- Béim ar leith a chur ar thacaíocht a thabhairt do oibrithe níos sine agus oibrithe gan mórán scileanna

Faoi dheireadh, cuirfidh an próiseas EQUAL leis an díospóireacht maidir le rialachas níos fearr agus comhpháirtíocht níos fearr a bhaint amach agus seribhísí d'ardchaighdeán a sheachadadh, go háirithe mar thoradh ar phrionsabail an Chláir agus maidir le anailís agus forleathadh gníomhaíochtaí na gComhpháirtíochtaí Forbartha i gcomhthéacs teacht chun cinn pholasaí sa mheántréimhse agus isteach sa bhfadtréimhse.

I gcomhthéacs na hÉireann, éiríonn le aidhmeanna agus cuspóirí EQUAL cur chuige leathan ár reachtaíochta i leith comhionannais a chomhlánú, is é sin, An

tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004 agus an tAcht um Stádas Comhionann, 2000.

5.2.2 Bochtaineacht agus Eisiamh Sóisialta

Tá Éire ag ag leanúint ar aghaidh ag forbairt fócais straitéiseach soiléir agus comhtháite agus í ag tabhairt faoi bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Gheall Cláracha Rialtais comhleanúnacha cloí le polasaithe a íslíonn an leibhéal na bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, a chothaíonn sochaí chuimsitheach, a íslíonn imeallú agus a threisíonn aithint dualgas saorántachta. Sna comhthéacsanna sin, ta bearta curtha i bhfeidhm chun próisis phromhaidh ó thaobh bochtaineachta mar shlí chun cursaí bochtaineachta a phríomhshruthú agus chun na socruithe institiúideacha atá i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt don Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta a threisiú, agus chun feasacht agus tuiscint i leith éagothroime, éagothroime inscne, agus cúrsaí tuaithe a chruthú. Tá aghaidh á cur ag Téamaí an CIP ar phromhadh na bochtaineachta agus ar chuimsiú sóisialta faoi láthair ar shlí thábhachtach agus leanfaidh siad orthu á dhéanamh, go háirithe i gcomhthéacs an Ghrupa EQUAL um Pholasaí Príomhshruthaithe agus an chúnaimh ó na grupaí líonraithe téamacha ina thaobh sin. Déantar tagairt ar leith do EQUAL mar chuid den bpróiseas maidir leis an bPlean Gnímh Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta (NAPS incl) de bharr a chuid oibre chun leibhéil rannphairtíochta sa mhargadh saothair a mhéadú mar aon le rátaí um dul chun cinn i bpostanna a mhéadú i measc na mban agus na ngrupaí imeallaithe agus eisiata, mar shlí bhunúsach chun a gcuimsiú sóisialta a chothú.

Leag na hÚdaráis Éireannacha béim ar leith ar an gclár oibre níos leithne i dtaobh comhionannais maidir le treoshuíomh an Chláir EQUAL, pleananna gnímh na gComhpháirtíochtaí Forbartha agus maidir le baint oibríochtúil an Údarás Bainistíochta sa phróiseas príomhshruthaithe. I gcomhthéacs roghnaithe na “DPanna” tá áit an-thábhachtach ag eisiamh sóisialta, bochtaineacht, imeallú tuaithe agus cúrsaí eile a bhaineann leo siúd sna straitéisí agus gníomhaíochtaí ainmnithe atá molta ag líon suntasach Comhpháirtíochtaí Forbartha de réir Gníomhartha 2 agus 3.

5.2.3 Bronnadh Conarthaí Poiblí

Cuireadh na nósanna imeachta i leith bronnadh an chonartha poiblí do Fitzpatrick Associates maidir le Nuashonrú na Meastóireachta Leath-théarmaí i gcrích de réir Rialacha Soláthair Phoiblí Náisiúnta agus an AE.

5.2.4 Cosaint an Chomhshaoil

Tógadh na céimeanna atá riachtanach chun rialacha agus rialúcháin i dtaobh chosaint an chomhshaoil a chomhlíonadh

5.2.5 Comhionannas Inscne & Príomhshruthú Inscne

Tá comhionannas inscne agus priomhshruthú inscne ina gcúramaí móra follasacha i gcomhthéacs Éireannach agus leagadh béim orthu ag leibhéal náisiúnta faoin "NDP" trí phromhadh ó thaobh inscne, trí oiliúint feasachta agus trí idirghabhálacha speisialta ar nós Bearta um Chomhdheiseanna, a fhaigheann cuid dá maoiniú ón CSE faoin gClár Oibriúcháin um Fhostaíocht agus Acmhainní Daonna.

Leagadh an bhéim chéanna ar na ceisteanna seo sa Chlár EQUAL agus tugadh tacaíocht dá seoladh leanúnach i rith 2006 sa phróiseas seo. I rith na ngníomhaíochtaí go léir, beidh ar Comhpháirtíochtaí Forbartha cur in iúl go soiléir go bhfuil siad tiomanta do cheisteanna leithne an chomhionannais, agus a mhíniú go cruinn na céimeanna atá á dtógaint acu chun éifeacht a thabhairt don ngealltanas sin, is e sin le rá, laistigh de struchtúr na Comhpháirtíochta Forbartha féin ach chomh maith leis sin maidir le teagmháil na gComhpháirtíochtaí Forbartha lena spriocghrupaí faoi seach.

Tá ionadaíocht ar leith do chomhionannas inscne sa nGrúpa um Pholasaí Príomhshruthaithe a cuireadh ar bun i rith 2002.

5.2.6 Cofhreagairt do Rialacha Iomaíochta

Maidir le cúnamh ón Stát, ní thagann a lán bearta a bhaineann le oiliúint faoi na Rialacha maidir le cúnamh ón Stát. Tarlaíonn sé seo toisc gur cuid de na tascanna a chuirtear i gcrích ag an Stát de ghnáth í an chuid is mó den oiliúint, agus téann sí chun tairbhe do na daoine agus na hoibrithe sa mhargadh saothair gineáralta agus ní thugann tús áite do fhiontair áirithe nó do tháirgeacht áirithe thar chinn eile, mar a mhíníonn Alt 92(1) den gConradh. Is iad cuid de na samplaí sin ná:

- Scolaíocht agus oiliúint thosaigh (printísigh agus scéimeanna scaoileadh lae);
- Oiliúint nó athoiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe, cláracha oiliúna i ngnóthais san áireamh anseo;

- Bearta atá dírithe díreach ar oibrithe nó ar chatagóirí speisialta oibrithe, chun deis a thabhairt an deis dóibh oiliúint a fháil nach bhfuil baint aici leis an gcomhlacht nó an tionscail ina bhfuil said ag obair.

Mar sin, maidir le gníomhaíochtaí faoi Théamaí EQUAL a bhaineann le daoine dífhostaithe nó le mic léinn nó le soláthar earraí na seirbhíse poiblí i bhfoirm oideachais ghinearálta bhunúsaigh nó oiliúna do mhic léinn nó do dhaoine dífhostaithe, meastar go bhfuil siad seo lasmuigh den sainú ar chabhair, agus dá bhí sin, tá siad saor ó na riachtanais fógra. Ag an am céanna, más rud é go dtagann athruithe ar na bearta atá ann ag an am nó má thugtar bearta nua isteach laistigh den CIP, fógróidh an t-Údarás Bainistíochta iad don gCoimisiún má bhaineann siad le hábhar agus má bhíonn gá leis de réir na rialacha fógra atá i bhfeidhm.

AGUISÍN 1

Comhpháirtíochtí Forbartha EQUAL Babhta 1

Teideal an Tionscadail	Ainm Theagmhála	R-phost
EQUAL na hIarmhí	Joe Potter	westcd@iol.ie
Fostaíocht Tuaithe Laoise		
EQUAL Bhaile an Bhlainséir	Terry McCabe	tmccabe@bap.ie
TRASNA, Co. an Chláir		
RosEQUAL	Noel Connolly	rosequalptnship@eircom.net
Cill Dara/Cill Mhantáin	Michael O'Brien	mobrien@wicklowleader.ie
EQUAL an Oir-thuaiscirt	Geraldine Caldwell	Geraldine.Caldwell@ne.fas.ie
Rural Options	Jennifer Smyth	Jennifer@blackwater-resources.com
WIDE	Mick Rafferty	info@cta.ie
Access Ability	Terry Fahy	terry.fahy@gandonenterprises.ie
Equal ag an Obair	Philip O'Connor	poconnor@dublinpact.ie
EQUAL Éire	Eddie Higgins	info@equalireland.com
DAWN	John Dunne	John.dunne@chambersireland.ie
TRED	Nora Byrne	nora@calmar.ie
INTERACT II	Heidi Lougheed	Heidi.lougheed@ibec.ie
SWELL	Tess Murphy	longfordwomenslink@eircom.net
CASE	Joe Lowe	
Comhpháirtíocht Earnála um Eacnamaíocht an Lucht Siúil	Brid O'Brien	te@pavee.iol.ie
Líonra um Chomhionannas		
Comhpháirtíocht Náisiúnta um Obair Sholúbtha	Margaret Fine Davis	mfdavis@tcd.ie
SONAS	Noreen Keegan Kavanagh	sonasireland@eircom.net

AGUISÍN 2

Comhpháirtíochtí Forbartha EQUAL Babhta 2

Teideal an Tionscadail	AinmTheagmhála	R-phost
DP9	Caroline Lambden	Equaldp9@eircom.net
You're EQUAL	Tommy Brogan	tommyequal@eircom.net
Comhpháirtíocht Cheatharlaigh um Fhostaíocht Chomhionann	Annette Graham	Annette@carlowequal.ie
An Clár WAM (Willing Able Mentoring)	Pauline Ryder	Pauline.ryder@ahead.ie
LEAP – Legal Education for All Project (Tionscadal um Oideachas Dlithiúil do chách)	Elizabeth Davidson	leapequal@eircom.net
KWCD Malartán d'Fhostóirí	Carol French	carolfrench@kwcdles.ie
E4 – Oideachas d'Fhostaíocht	Mary Gaffney	mgaffney@crc.ie
Equal Assists (TEA) Thamhlachta	Eleanor O'Brien	Eleanor.obrien@tallpart.com
Óige Equal	Máirin Kenny	kennym@bmunjob.ie
Comhpháirtíocht Forbartha Equal An Longfoirt	Tess Murphy	longfordwomenslink@eircom.net
Point2enterprise	Elaine McGrath	emacgrath@paulpartnership.ie
EMERGE	Noreen Keegan Kavanagh	Noreen@equalemerge.ie
Líonra um fhoghlaim ar feadh an tsaoil, Co. an Chláir	Seamus Bane	coord@clarelearningnetwork.org
Foghlaim ar feadh an tsaoil EQUAL in Éirinn	Eddie Higgins	info@equalireland.com
M.I.T.E. – Infheistíocht in Oiliúint agus i bhFostaíocht i gCo. na Mí	Niall Mulligan	nmulligan@meathleader.ie
Senior Select Retain and Retrain	Michael Quilligan	mquilligan@partas.ie
Equal ag an Obair 2	Philip O'Connor	poconnor@dublinpact.ie
"e-Quality Through e-Work"	Fiona Brennan	Fiona.brennan@sspship.ie
Ag teacht ar Chothromaíocht (Finding Balance)	Breege Doherty	BreegeT.Doherty@mailb.hse.ie
LIFT (Tionscnamh um	Danyanne Quemper	Danyanne.quemper@ictu.ie

Cheannaireacht – Mná i gCeardchumainn)		
Tionscadal um Thacaíocht do Thrasdul (Transition Supports Project)	Itayi Viriri	Itayi.viriri@parnell.cdvec.ie
Tionscadal um Idirghabháil Chultúrtha do Phobal na Roma	Mayte Calvo Martin	mayte@accessireland.ie

AGUISÍN 3

Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i nGníomh na Bliana 2006
Caiteachas deimhnithe agus éilithe

Beart	Réimse Idirghabhála	Iomlán thar na blianta ar fad	Costas Iomlán Incháilithe iarbhir a íocadh agus a deimhníodh laistigh den Bhliain 2006	% den Chostas Incháilithe
Beart 1.1 Infhostaitheacht	21,22,23	€ 17,245,589.00	€ 3,264,423.96	18.93%
Beart 2.1 Fiontraíocht	22,24	€ 4,599,821.00	€ 712,099.79	15.48%
Beart 3.1 Inoiriúnaitheacht 1	21,22,24	€ 8,544,220.00	€ 2,167,206.87	25.36%
Beart 3.2 Inoiriúnaitheacht 2	21,22,24	€ 4,109,019.00	€ 346,707.60	8.44%
Beart 4.1 Comhdheiseanna	21,24,25	€ 5,519,784.00	€ 1,978,271.23	35.84%
Beart 5.1 Lucht Iarrtha Tearmainn	21,22,23	€ 2,299,909.00	€ 188,288.14	8.19%
Beart 6.1 Cúnamh Teicniúil	411	€ 2,069,918.00	€ 394,493.90	19.06%
Beart 6.2	411	€ 1,379,946.00	€ 165,290.02	11.98%

Cúnamh Teicniúil				
Beart 6.3 Cúnamh Teicniúil	412,413,415	€ 2,069,918.00	€ 123,343.00	5.96%
Iomlán		**€ 47,838,124.00**	**€ 9,340,124.51**	**19.52%**

Aguisín 4

Beart CIP Intervention Field Codes

	CódTagartha Birt	Cód Réimse Idirghabhála
INFHOSTAITHEACHT	**1**	
(Ath)-Imeascadh isteach sa mhargadh oibre		21 (10%), 22 (13%), 23 (22%)
FIONTRAÍOCHT	**2**	
Cruthú Gnó		22(3%), 24 (7%)
INOIRIÚNAITHEACHT	**3**	
Foghlaim ar feadh an tSaoil	(i)	21 (2%), 22 (2%), 24 (6%)
Inoiriúnaitheacht chun aistrithe agus do theicneolaíochtaí cumarsáide nua	(ii)	21 (2%), 22 (2%), 24 (6%)
COMHDHEISEANNA	**4**	
Comhfhreagairt teaglaigh agus gairme		21 (3%), 24 (3%), 25 (6%)
LUCHT IARRTHA TEARMAINN	**5**	
Lucht Iarrtha Tearmainn		21 (1%), 22 (2%), 23 (2%)
CÚNAMH TEICNIÚIL	**6**	
Cúnamh Teicniúil	**(i), (ii), (iii)**	411 (3%), 412 (2%) 413/ 415 (3%)

AGUISÍN 5

Bainistíocht Airgeadais agus Socruithe Rialúcháin chun Maoiniú CSE a tharraingt anuas



AGUISÍN 6

Acrainmneacha

CIP	Community Initiative Programme (Clár Tionscnaimh Chomhphobail)
DPA	Development Partnership Agreements (Comhaontú Chomhpháirtíochta Forbartha)
DPs	Development Partnerships (Comhpháirtíochtaí Forbartha)
ECDB	EQUAL Common Database (Bunachar Sonraí Comhchoiteann EQUAL)
EEA	European Economic Area (Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa)
EES	European Employment Strategy (Straitéis Fostaíochta Eorpach)
EHRDOP	Employment and Human Resource Development Operational Programme (Clár Oibriúcháin um Fhostaíocht agus Forbairt Acmhainní Daonna)
ELIA	EQUAL Local Input Application
ERF	European Refugee Fund (Coiste Eorpach do Theifigh)
ESF	European Social Fund (Ciste Sóisialta Eorpach)
ESRI	Economic Social Research Institute (An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta)
ETCIM	EQUAL Transnational Co-operation Internet Module (Modúl Idirlín um Chomhoibriú Trasnáisiúnta EQUAL)
EU	European Union (An tAontas Eorpach)
FCU	Financial Control Unit (An Aonad Rialaithe Airgeadais)
FRO	Financial Resource Officer (Oifigeach Acmhainn Airgeadais)
GDP	Gross Domestic Product (Olltáirgeacht Intíre)
GNP	Gross National Product (Olltáirgeacht Náisiúnta)
IAU	Internal Audit Unit (An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí)
IBEC	Irish Business and Employers Confederation (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann)
ICT	Information and Communication Technology (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)
ICTU	Irish Congress of Trade Unions (Comhdháil na gCeardchumann)
IMF	International Monetary Fund (Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta)
LLL	Lifelong Learning (Foghlaim ar feadh an tSaoil)
LTU	Long Term Unemployed (Daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach)
MA	Managing Authority (An tÚdarás Bainistíochta)
MPG	Mainstreaming Policy Group (An Grúpa um Pholasaí Príomhshruthaithe)
MS	Memberstates (Ballstáit)
NAPS incl	National Action Plan for Social Inclusion (Plean Gnímh um Chuimsiú Sóisialta)
NDP	National Development Plan (Plean Forbartha Náisiúnta)
NEAP	National Employment Action Plan (Plean Gnímh Náisiúnta um Fhostaíocht)
NRP	National Reform Programme (Clár Leasaithe Náisiúnta)
NSS	National Support Structure (Struchúr Tacaíochta Náisiúnta)
NUTS	Nomenclature des Unites Territoriales pour Statistiques
OP	Operational Programme (Clár Oibriúcháin)
RIFE	Remote Input for EQUAL (Cianionchur do EQUAL)
SEUPB	Special EU Programmes Body (An Fóras um Chláir Speisialta an AE)

TCA	Transnational Co-operation Agreements (Comhaontuithe um Chomhoibriú Trasnáisiúnta)
TCD	Trinity College Dublin (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)
WLBN DP	Work Life Balance Network Development Partnership (Comhpháirtíocht Forbartha an Líonra um Chothromaíocht Oibre agus Saoil)